

# IRISH TEXTS

*Fasciculus II*

*Edited by*

*J. FRASER*  
*P. GROSJEAN, S.J.*  
*and*  
*J. G. O'KEEFFE*

*Price*

*Five Shillings Net*

*London*

*Sheed and Ward*

*31, Paternoster Row*

*1931*

# Poems on the O'Donnells

(1200 to 1600)

*Edited by*

**J. FRASER**

*and*

**J. G. O'KEEFFE**

IRISH TEXTS, FASC. II.

CORRIGENDA

P. vi, line 3, read *acknowledges*.— P. viii, No. 21, space *Niall Garbh*. — P. 20, 29 *c*, read *romainn*; 32 *d*, read *sluagaid*. — P. 32, 9 *d*, read *grenta*. — P. 56, 51 *a*, read *mná*. — P. 69, 5 *d*, read *bós*.— P. 72, 29 *c*, read *bheim*.— P. 84, 18 *a*, read *ghleodgh*. — P. 86, 33 *d*, read *chridhe*. — P. 104, 9 *b*, read *Chonallaigh*. — P. 108, 38 *d*, read *mh'amhorc*.

## PREFACE

The twenty-two poems here published have been taken from the Irish manuscript, Rawlinson B 514, a large vellum, probably of the sixteenth century<sup>1</sup>, in the Bodleian Library, Oxford. The manuscript also contains Manus O'Donnell's Life of Colum Cille and twenty-six other poems. Two of the latter were published from this manuscript by the late E. C. Quiggin<sup>2</sup>, and one ascribed to Flann mac Lonain, beginning *Ard do scela a mic na cuach*, appears in Fasciculus I, pp. 54-62, of this series of publications. Other versions of ten of the twenty-six poems are included in the *Book of Fenagh*.

Of the poems published in this volume, the first thirteen were transcribed by J. G. O'K. and the remaining nine by J. F. In the former the orthography of the manuscript has, except for a few alterations indicated in the footnotes, been faithfully followed. J. F. has silently introduced the sign of lenition throughout in medial and final position and initially when it appears to be called for; any other departures from the reading of the manuscript he has indicated.

<sup>1</sup> The only date indication in the MS. is the following note which occurs immediately after the final stanza on the last page of the MS. Anno millesimo ccccc°. xl. i. Cl- Aedh (*sic*) mic Neil mic .... do marbadh ... in ...madh la do mhl an fhoghmhair...

<sup>2</sup> *Prolegomena to the Study of the Later Irish Bards*, Proceedings of the British Academy, Vol. V (1911). In his transcription of the poem beg. *Cian o d'ibess digh dermaid*, Quiggin omitted qu. 12 :

Nl fhidir me amuidh no a toigh  
cred ar bith bhías ar mh aghaidh  
ge be tulach a tarla  
me sa mughach michalma.

The poems with one exception<sup>1</sup> appear to have been written by the scribe of the Life of Colum Cille.

J. G. O'K. gratefully acknowledge valuable assistance from Miss Eleanor Knott.

June 1931

J. FRASER

J. G. O'KEEFFE

<sup>1</sup> Viz. that published here, beg. *Fuighell formaid fuil Dalaig*. Two of the poems, both ascribed to Gilla Brigde mac Con Mide, are to a great extent illegible. They are: fol. 77<sup>v</sup> beg. *Caidet cethri teallaig Teamra*; and, fol. 78<sup>v</sup>: *Ceit treab Erenn Ints Saimer*.

## CONTENTS

	PAGE
1. IN PRAISE OF DOMHNALL UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1241, AND HIS SONS GOFRAID, MAEL SECHLAINN AND DOMHNALL OG. <i>Cethrar as feili fuair Flann. Gilla Brigde mac Con Mide</i> . . . . .	1
2. ON MAEL SECHLAINN UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1247. <i>Conall cuingidh Cloinne Neill. Gilla Brigde mac Con Mide</i> . . . . .	6
3. ON THE DEATH OF MAEL SECHLAINN UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, AT BÉL ATHA SENAIG, IN 1247. <i>Do slan uaim a Áth Senuig. Gilla Brigde mac Con Mide</i> .	10
4. EULOGY ON DOMHNALL OG UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1281. <i>Rogha na cloinne Conall. Gilla Brigde mac Con Mide</i> . . . . .	16
5. TO DOMHNALL OG UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1281. <i>Do fhidir Dia Cinel Conuill. Gilla Brigde mac Con Mide</i> . . . . .	22
6. ON TOIRDELBACH AN FHIONA UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1423. <i>Fulang annroidh adhbar soidh. Ruaidri Ruad O Huiginn</i> . . . . .	25
7. ON TOIRDELBACH AN FHIONA UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1423. <i>Fada a-dertar na deich rig. Fergal Ruad O Huiginn</i> . . . . .	31
8. ON NEACHTAIN UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1452. <i>Imdha urruim ac Ultaib. Brian Ruad mac Con Mide</i> .	35
9. ON NEACHTAIN UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1452, IN WHICH THE POET GILLA BRIGDE MAC CON MIDE IS INVOKED. <i>Lenfat mo chert ar Cloinn Dalaig. Brian Ruad mac Con Mide</i> . . . . .	40

10. ON NEACHTAIN UA DOMHNAILL, KING OF TIR CONAILL, † 1452. Dimghach do Chonall Clann Dálaigh. <i>Brian Ruad mac Con Mide</i> . . . . .	45
11. ON MAGHNUS SON OF AEDH UA DOMHNAILL. Dimghach Eiri d' fhuil Conuill. <i>Tuathal mac Taidg O Huiginn</i> . . .	50
12. ON MAGHNUS SON OF AEDH UA DOMHNAILL. Cia adeir nar melladh Maghnus. <i>Domhnall mac Taidg Oig O Huiginn</i>	57
13. ON MAGHNUS UA DOMHNAILL. Minic frith Eri a hEamain. <i>Gofraid mac an Baird</i> . . . . .	63
14. THE MAN OF DESTINY. ADDRESSED TO AODH SON OF DOMH- NALL OG O DOMHNAILL. Tainic tairngeri na n-erlumh. <i>Gilla Brigde mac Con Mide</i> . . . . .	68
15. THE DEATH OF GORMFLAITH. Testá eochair ghlais Ghaidhel. <i>Gilla Brigde mac Con Mide</i> . . . . .	73
16. THE CAPTIVITY OF NIALL GARBH. Faillsigh do mhirbhaili, a Mhuiri. <i>Tadg Og O Huiginn</i> . . . . .	76
17. THE CAPTIVITY OF NIALL GARBH. Olc chuimhnighim mo chumann . . . . .	78
18. THE DEATH OF A PATRON. Anois aithnighim m'uabhar. <i>Gofraid mac an Baird</i> . . . . .	82
19. COLUM CILLE IS STILL POWERFUL. Maruid fós ferta Coluim. <i>Diarmaid O Cleirig</i> . . . . .	87
20. THE DEATH OF NIALL GARBH UA DOMHNAILL. Ní deora meisi a Manainn . . . . .	91
21. TO HUGH O DONNELL, SON OF NIALLG ARBH. Cia rer fuir- ghedh feis Teamhra. <i>Seán O Dálaig</i> . . . . .	95
22. THE DEATH OF GRAINNE. A.D. 1551. Fuigheall formaid fuil Daluigh. <i>Cu Ulad mac Conchobhair mac an Baird</i> .	103
INDEX OF FIRST LINES . . . . .	111

In praise of Domhnall Ua Domhnaill,  
king of Tir Conaill, † 1241,  
and his sons Gofraid, Mael Sechlainn and Domhnall Óg

*Fol. 68<sup>v</sup>.*

GILLA BRIGDE MAC CON MIDE .CC.

1. Cethrar as feili fuair Flann  
on lo do crec a cetrann  
ar tolladh Erenn uili  
d'ollamh meirseng Maenmhuighe.
2. Moel Doraidh, Ecnechan ard,  
Aengus, Flaitbertach fialgharc  
saercrobaing do dil gach duain  
do síl caemhConuill Connuain.
3. Tucc Flann mac Lonain laid ngloin  
d' Ecnechan oigri Daloig  
ar moladh gach méine as ferr  
ar fromadh fheili Erend.
4. Tuc Ecnechan Essa Ruaid  
d'ollum Erenn a n-enuair  
terc da mberar na breatha  
do trebad secht seisreacha.
5. Cuig cuirn ruc o righ Temrach  
cuig failghe d'ór ildelbach  
cuig eich decc ni cruaidh an cradh  
cet do buaib ar na mbleghan.
6. Do-rindedh ferta feili  
d'Ecnechan gan aimhraidhe  
fuacht gach lena fhuair do fhiuch  
smera fhuair isin Fhaidliuch.



7. Caisc rainic *cet* do cliaruib  
mac Daluig a ndobliaduin  
cend na foirne óir a n-airc  
do fóir an Coimdhe od conairc.
8. Do fuair Ecechan na n-ech  
ar an leirg os Loch Beithech  
tréd na loidhe ar leith an cnuic  
oiri eich in cech enmhuic.
9. Deich fichit muc do marbad  
fa feis laemscur lanadbal  
ac mac Daluig Brogha Breagh  
do damhaib glana Gaidhel.
10. Gach leaba gach dabuch donn  
gach tunna leabar lantrom  
ar cinn na tromdamh as toig  
lomlan do linn 's do luachair.
11. Coinescar do-cuaidh a-mach  
tarla e ar an ech riabach,  
cuairt ar sonacht na soichli  
ní toracht can turchoirthe.
12. Línaid Glend maigrinch Madhair  
fa Eicnechan allmaraigh  
gabhuis an géce toirrsi troim  
le med na loingsi o Loc[h]loinn.
13. Línais omhan a oirecht  
re leithe is re linmairecht  
do-ní Ferghas seang iar sin  
clemnas tar cend an coblaig.
14. Da ruc leis do toig re trell  
ingen meic Daluig, Duiblend,  
do achair cet uinge d'ór  
uirrthe ní fhed a fhasódh.

15. Indsaighis le hór an Goill  
Cathalan mac Mail Fhabhaill  
an Gall fuairsi nirb é a grádh  
uaisli le a clann re Cathlán.
16. Do raidh re hEcnechan ard  
an Lochlannuch co langharcc  
nach gebadh o slogh fer Fail  
gan a ben sa ór d'fhaghail.
17. Rachad, ar mac Daluich duinn,  
let a-máruch co Maluinn  
misi ar tír is tussa ar muir  
as dib as ussa a harguin.
18. Gluaisid less ina longaib  
co laindech na Lochlannuich  
erghid fan crodha mór mer  
da slógh móra da milled.
19. Do-chíd buinne donn daruch  
Ecnechan sa t-allmharuch  
finnam ca buille as ferr uainn  
isan mbuinne ar cenn *Conluain*.
20. Builli cloidhemh sech an crand  
tuc ri Fanut co fiarcham  
a sreng dá ceile nochar chuir  
gor teile a cenn da *clíamuin*.
21. Dona secht fichet long lan  
ni dechaid ainfher imlan  
marbtar a Cinn mor<sup>1</sup> Madhair  
'gon tslog fhinn na hallmaraich.
22. A haithli na nGall do guin  
do-cuaidh a nInis Eogain  
airdri<sup>2</sup> slóig cliaruich Cnodba  
d'iarraidh an óir allmhordha.

<sup>1</sup> moir *MS.* — <sup>2</sup> airdrigh *MS.*

23. Tuc do Cathalan a cor  
 Duiblinn do deoin a hathar  
 slog cin co tainec is tir  
 raineac an t-or don airdrigh.
24. Deich n-uinge tuc da gach tuath  
 mac Daluig Fhinnruis echluaith  
 coir *beith* a toighe os gach toigh  
 's a deich do Doiri a ndechmoid.
25. Ar comhroinn an cisce óir  
 itir maithib an morsloig  
 do-cí ré a laidh Flann fili  
 do sáil ann a oirbiri.
26. Impoidh cuíce le a cuid óir  
 Cinel Conuill a cedoir  
 or na brointib on lucht less  
 doirter a n-ucht an éceis.
27. Gell enich Erenn uili  
 tuc d'Ecnechan fholtbuidhe  
 mac mór Lonain ó do lín  
 a sporain d'ór an airdrigh.
28. Cethrar da tuc Flann fili  
 gell einigh gach airdfhine  
 na sciath ar scath Gaidel nglan  
 ainfher os cach don cethrar. Cethrar.
29. Cethrur is ferr fuaras fein  
 d'aincinedh d'ainreimh  
 do Sil Daluig cetna cais  
 dib dedla bagaidh Bernais.
30. Domhnall mac *Ecnechatn* uill  
 agus a mac Mail Echlainn  
 dias nar lothraig forlann fer  
 Gofraidh, Domhnall fa dereadh.

31. Minec on Domnallsa ar dan  
damsa is ní mé mac Lonán  
duasa tuillmecha in ar tigh  
loilgecha cona laecchaib.
32. Tuc damh O Domnaill Doire  
fiche bo cach Bealltaine  
fiche laech dam na degaidh  
fa caemh an crad Cheiteamhain.
33. Secht fichit do fa breth cert  
re taeb a tuc a oirecht  
tar Finn alle tar Glinn nGerg  
co se lium on binn belderg.
34. Ge be buidechus do-neinn  
tri fichit bo ar barr laighill  
fiche bó no conglann con  
ni mo ar Domnall o Dobhor.
35. O Domnaill Esa Ruaid rinn  
nocha cefluithech cumainn  
bim na tigh comoil coidce  
fa onoir fhir enoidche.
36. Do righamar a Rath mBoth  
Domnall Erne san erroch  
an cill do linadh linne  
ac righad cinn Creiblinne.
37. Nochar gab Tir Eogain uill  
a-derim ris O nDomnuill  
cred gabhail O Neill ar nech  
acht geill d'fhaghail a hOilech.
38. Nir delaig an righe ruinn  
ara beith ac barr Conaill  
gan scarthain don reim rinn riam  
I Neill is inn ar enrian.

39. Do dlesfinn dichell dána  
do mac Domnaill drechmhalla  
don té as fherr dá gach aicme  
me mar *bud* cell comairce. Cethrar.

2

**On Mael Sechlainn Ua Domhnaill,  
king of Tir Conaill, † 1247.**

*Fol. 68r.*

AN GILLA BRIGHDE CEDNA .CC.  
[I.E. GILLA BRIGHDE MAC CON MIDHE]

1. Conall cuingidh Cloinne Neill  
mac dob uaisli don airdreim  
les do-chuaidh a Mide a-mach  
gach fine tuaidh ar tossach.
2. Go Temraig Cuinn cred do-rad  
clanna Neill na naf mbragat  
gid cúich do cuir do Lis Loinn  
ní uil gan a fhis agoind.
3. Oide Conuill cruaidh an smacht  
óclach do cúicidh Connacht  
baili a mBeinn Gulbain do gab  
do cumgaidh ar eirr Ulad.
4. Ó tócbhail a nGulban gairb  
lenaith don laech an lesainm  
Conull seng gelchass Gulban  
ga ferr senchas senughdar.
5. Maidin ro marbsat Ulaid  
oide Conaill coscaruich  
feidhm sluaigh asa haithli air  
do-cuaid da aithbe ar Ulltaib.

6. Teid becan da braithrib fein  
les fa Eogan mac moirNeill  
do-níad airgne trena tall  
Enna 7 Cairbri is Conall.
7. Sentuatha Ulad and sin  
o Srubh Broin co Beinn Gulpain  
clanna Neill do ansat ann  
's do gabsat fen an ferann.
8. On lo do cuir-sen Clann Ir  
Conull Gulban don gairbhthír  
Ulaid do Cloinn Neill tuc tair  
do roinn fen is ruc roghain.
9. Crich Cairpri do Cairpri Cas  
Crich Enna d'Enna arnglas  
nfr scuir dá seolad fa sech  
cor cuir Eogan go hOilech.
10. Conall annséin dob í a cuid  
o Ess Ruaid co ró Fánuid  
ris bu dein do druid an roinn  
do budh léir ar chuid Conuill.
11. Dá mbé a coinne no a comdall  
imresain no imarbaid  
an ferén da fuilid cloinn  
do-cluinid Cenel Conoill.
12. Snámh a n-agaldh Essa Ruaid  
tachar sil Conuill crandruaidh  
is dul a n-ess ar onchoin  
tres do cur ar Conollchaib.
13. Is caemthach re coin allaidh  
coicrichus cach Conallaigh  
Mael Sechlainn go detla on druing  
do lethchuing cetna Conuill,

14. Clann Conaill Gulpan do gab  
seal becc ar n-éc a n-athar  
ar techt a táisce fa trath cóir  
do fháisc ar cách a cedoir.
15. Síar ó Sruib Broin go Bernus  
ní tancus ré a tigher[n]us  
gan urdail an uain gan arc  
uaidh go Gulbain do gluasacht.
16. Gan taiscíd[h] do cor a cill  
gan tocbail airm da aidlind  
mar dob eddóigh an t-oirecht  
gan eccoir gan f[h]oglaidhecht.
17. Gan imcosnam fa nErne  
gan cogadh gan coimergh[e]  
gan luach an deilc do dith rígh  
gan fhích gan fheirc gan imsnimh.
18. A cend tsechtmaine a suil corr  
budess rainic go Rídonn  
re hucht sluaig Oilig nír an  
tuaid ar n-oigidh a athar.
19. Tarmairt do Cloinn Conaill cor  
nocha lugha na lecadh  
as é do bac cor d'Ib Cuind  
a mac ar ndul I Domhnaill.
20. Do smuain a athair d'oigid  
Cland Eogain dá indsaigid  
adeir drem dib as groide  
na cenn do sín tsochroide.
21. Dala an clerich écht eli  
sluaiged slait[e] Suilíge  
dar buail na cadlad an coin  
co nach tacradh ar tosaich.

22. Tar Ard Sratha tar Sliab Truim  
is coscrach cuairt I Domnaill  
an cuilen o Clar Maighne  
lam re muinel Moghairne,
23. A aghaid suas ar Sliab Cairn  
a cul a-mach re Moghairn  
ann sa ród ar cuir an cath  
a-muigh ar fód O Fiachrach.
24. An dara cuing an catha  
ar Brian Emna ardMacha  
sa lethcuing re taib sa troid  
ar Mail Echlainn ó Fhanoid.
25. D'ib mo mathar muinim ceill  
do *Cloinn* Conuill meic morNéill  
as imgha duine ar *domhun*  
le budh buide a mbeagugud.
26. A traethad ni tualaing cách  
acht go congmat a conách  
da *tegmad* teacht na *fer* fein  
ré a neart as eadh bud aigméil.
27. Na congmat Cenel Conuill  
*Clann* Eogain na n-encrobaing  
cóir do *Cloinn* Neill a-nallan  
léir don droing go ndernamar.
28. Iadhait Connachtaigh a ceilg  
fa Oed mac Cathail Crobdeirg  
oirecht Cruachan gan rath ris  
ach as úathad dan hoiris.
29. Cenel Conuill cnuic Themra  
na treiget a tigerna  
na bith doirr Coluim Cille  
re *Cloinn* Conuill Creiblinne.



30. Mac Domnaill Duna Baluir  
 dercain darach mortharuid  
 O Domnaill enu cuill scathaig  
 cu congloinn Cuinn Cetcathaig.
31. Slat cumhra Cinil Lughdach  
 ri Conaill crann morublach  
 bas ingenchruinn fa cael croind  
 Mael finnEchlainn cas Conaill.
32. Gabul tocbala an tíri  
 imechtrach na hairdrighe  
 fuigell brethri Coluim caidh  
 feithli Conuill do congmhail.
33. Mael Sechlainn mac Domnaill duinn  
 sruth robharta ri Conuill  
 O Luigdech fa cois do cor  
 as cuibrech oiss nó onchon.

Conall.

3

**On the death of Mael Sechlainn Ua Domhnaill,  
 king of Tír Conaill,  
 at Béal Átha Senaig, in 1247.**

*Fol. 70<sup>r</sup>.*

GILLA BRIGHDE MAC CON MIDHE

1. Do slán uaim a Áth Senuig  
 do-cuidh each ad claindebuid  
 tárrus ort meing is mebuil  
 olc do greim do Gaidheluib.
2. Do slán uaim a Athsa toir  
 ac nar suail m'ághsa an alloin  
 ní guth ort a sanus soin  
 olc do gabhus ré Galluib.

10

3. A Eirne is adbar gáiri  
tred glanbun go ngormfhainne  
fád bun mar do bai Grainne  
a tai ar cur do chongáiri.
4. A Erne Fathad Canann  
far dathad gach degabull  
do cuan ga long nach lamann  
trom do éuan a éenábann.
5. A tonn Essa Ruaid rabain  
fa messa an uair anfhoráigh  
nir leig Gall ort a anáil  
in tan fá Port Parthaláin.
6. Cael Uisce fa hadbha long  
nochar garrga do gormGholl  
an Cael nír conair do Gholl  
ag Mael Doraid 'sag Domhnoll.
7. Romcuir Áth Senaig fa sech  
rom-deagail is mo duaisbreth  
go tí an brat[h] bid conair crech  
tar an áth ndomhain duaibsech.
8. Áth Senaich festa co fand  
mo cesta nocha cabrann  
sruthan nach gabann re Gall  
uchan is abhann anfann.
9. A í Conaill Clair Enaigh  
laidh orainn bar n-aindebaid  
bur n-anadh ag Áth Senaicch  
galur gnath do Gaidhelaib.
10. Da mairadh Onchú an Essa  
do bud lomthrú an loingsa  
cuid an tsluaig tall don tressa  
do bud ball cruaidh coimessa.

11. Adhrad a fóid dí do dlig  
ar marbád rig Fhóid Oilig  
sluaigh na habannsa 'con fhir  
co fuair m'anamsa a oighid.
12. Gan Moel Sechlainn as saeth leam  
an craeb gelchruinn maeth merseng  
innsa gair coscair fá a cenn  
is do toscuib áigh Erenn.
13. Nír trath ratha bel ar bel  
nocha racha acht do roilén  
beith co brath a ceas ní cel  
ar n-áth ar n-ess ar n-oilén.
14. A oilen as úr trilis  
ar ar cul do cuimnighis  
inmhain anam a inis  
as calann do cuibrigis.
15. Beither gan mac nDomnaill de  
onar lomlann lat erghe  
inmhain corp do caith ma-lle  
do maith is d'ole a Éiri.
16. Doilidh limsa a Leth gealChuinn  
gan an druing ga ndeganfuinn  
gan tsuil mongdhuinn Mail Echlainn  
I Domnaill caimh cloidemhcuirr.
17. Mo chenn do-cínn ga berrudh  
do-cínn scín da scithfendadh  
a tri Moiri dom melludh  
rí Doiri arna dicennadh.
18. Maire do dichenn an saer seng  
taem do-cifem gan coingell  
mar do bi nogo mbe an cenn  
rí mur é nochan fhoighbem.

19. Mithid scarud is scailed  
sa *talamh* ar tonnfhaidhedh  
as boing gill do gach Gaidel  
Goill a cinn dot commaidem.
20. M'anam mo chorp cred do poinn  
ar nech don lucht do lenfoinn  
saeb leam mo díchell don droing  
do díchenn Mael seng Sechlainn.
21. Cend and righ o dóid co dóid  
cia lín ris nach bud liachmóid  
a drem múirnech ris nach móid  
cend I Luighdech na liathroid.
22. Dob orrderc Mael Sechlainn seng  
ó gelChuinn nar fhaem enfhell  
no cor *delaig* réa cli a cenn  
do bi ós fheraib Erend.
23. Mael mar Mael Echlainn oili  
a Rechrainn na righraidhe  
mar *bud* naem gach rí roimhe  
do-ní Mael a mirbuili.
24. Loch Gili as luath do *linged*  
a da bruach do bothmilled  
Loch Erne as moch do *milled*  
Loch Meilge do *mochmilled*.
25. Me 'sno *recht* coidhce fam coim  
is doirche ná gach dograinn  
bec ar Gall nDelgan mo doirr  
da ndergadh ar O nDomnail.
26. Agh do Gholl glas a glacudh  
bas bán do bronn romhatad  
a De nar tréic a tapadh  
is nar leic é d'anocal.

27. Nir minic merbfall berla  
ar Mael Echlainn airmseghda  
uch do *bud* uair a denma  
gen cor smuain guth Gaillberla.
28. Go fuair a raghuin do rinn  
*sluaig* na agaidh nir inghill  
do sáidhedh ler d'fhaebruib inn  
's do ben aenguin fa a imlinn.
29. Taeb 7 cli mo chroidhe  
do bi faen a foistide  
dá nar lean faidh na fili  
na fer graidh na goistide.
30. Tri colla saera sleamna  
amón aedha n-ilerdha  
triur fial do bi ar cach mberna  
nir triar acht tri tigherna.
31. Tri sairdreacain nach sir laídh  
a n-ainlebaid gil gécaill  
na triar curad taib re taib  
cian bus cuman<sup>1</sup> an cedain.
32. Tri catha on dubach dáine  
*Ulaid* oca n-écáine  
cath Muighe Rath *cath Craibe*  
7 cath na Cedáine.
33. Gan *sluaig* Gall ina geimhel  
and an uair do scannraidedh  
na Goill uaidh mur tairm tenedh  
an maidm tuaid do tarrngairedh.
34. Nir tairngir fáidh na fili  
tre thairngir (?) mbáidh mbaistide  
an maidm *thuaid* crad lem chride  
do slan uaim a fhaistine.

<sup>1</sup> cumain *MS.*

35. Mo rath do scaradh rém sclainn  
cath do laadh ar Lachlainn  
do-berair filiú a faille  
a ndeghaidh Cinidh Cathbairr.
36. On uair nach mar an géce glan  
ní ragh cóm'ég am inadh  
tucais nuachar a Dhe dhamh  
is mé an t-úathad re hilar.
37. Inmain aghadh i ngach arm  
rom scarad is rom scithdall  
ge bé ara mbe eri ann  
mo sceili as é nach icand.
38. Mór a damna a Dhé nimhe  
m'abra 7 sé ar sruthnidhe  
mó a obadh gá fili  
a cocar nach cluinfidhe.
39. Braighe gel fa gruaidh segainn  
a n-uaidh ass ed bidhgfhegaim  
an leaba ata uaim fhegaim  
do bá uair ní imgébhainn.
40. Duine ara gradh do-genadh  
dan duine do neimerudh  
muna truagh le Dia a denam  
a duan cia nach cendeghadh.
41. Ní clechtmais techt a tech nGoill  
na nech isa nert orainn  
mor seol nach degheol don droing  
is eol do Ceneol Conuill.
42. Tuc bás Mail Echlainn uire  
gan craib clethchuill cnobuidhe  
samrad na diaid as duibe  
'na ar marbad Briain Boruimhe.

43. Banba do brisidh a druim  
calma an clisidh a comhruinn  
mithid do rigaib Clann Cuind  
am do dighail I Domnaill.

44. Mac Domnaill ni daigh dar leas  
dograing co Maigh a morthres  
ar sraón 's ar merfaill mé as  
'sni he Mail Echlainn fhoirfes.

45. Gor tuit Maol Echlainn san ágh  
do sechnaind taeb gach tulán  
budh imda inghen boss mban  
in-oss fa Inber nDulan.

Do slan uaim a Ath Senaic.

4

**Eulogy on Domhnall Og Ua Domhnaill, king  
of Tir Conaill, † 1281.**

*Fol. 67v.*

GILLA BRIGDE MAC CON MIDE .CC.

1. Rogha na cloinne Conall  
togha na droinge a-deram  
tolc dar seolad ruc romham  
Conall tuc d'Eogan fherann.

2. Bes tancatar co Temraig  
rancatar co hEss nEidhnigh  
do sín a eill co harnaidh  
re ndamraid sil Neill neimnigh.

3. Toghtar Conall na curudh  
nochar torand gan taradh  
an tslat reidh fherdha idhan  
inadh Neill Temhra ar taghadh.

4. Loegairi ac tnúdh fa toilciall  
rer n-aedhaire n-úr n-armcael  
craeb risar *essbach* imtnud  
finneul claen *flescach* fannchael.
5. Aedaire co reidh roreidh  
Laegairi fa leim sodhain  
righe lai is oidhce d'fhaghail  
ar ngabail coidhce an conáigh.
6. Tict~~her~~ la is agaidh Eri  
d'ar cabair mar do-cuala  
Conull *acht* ger cruaid lama  
granna an comhull uair uadha.
7. Ar Laegaire as leam Temair  
aenduine am cend na cuiridh  
acht lá riam ann is agaidh  
*fagaidh* ar barr fial fuinidh.
8. Truag do Laegairi a luaighill  
aenduine uadh *for* Erinn  
crobaing do lion mo lamhainn  
sil alainn Conaill ceibfhind.
9. Sil Laeghairi ni lenann  
saeraidhe na righ romham  
do-*chuaid* fa a chró a ferg d'fulang  
dulann dó a celg ar Conall.
10. Deich righ don tsil occ alainn  
a rod is do sir t~~ail~~aim  
fuair o linn Conaill ceibfhinn  
romainn Eirinn fhinn fhinduinn.
11. Ainmiri a arm do lubudh  
garb re hainfine an t-oicfer  
a móid n~~r~~ mín a n-ecen  
cedfer dibh na coic cóiced.



12. Do ba dib Domnall doindmer  
nar mhin comrainn a cranngal  
do cuir an cath re *Congal*  
ar Mhuigh fonnglan Rath raghlan.
13. Aodh dib rob fhagha uilleach  
Mael min Cabha can *crannach*  
Conull fiall caem is *Cellach*  
na ciab nglennuch cael clannach.
14. Baedan Liach, Loingsich Dobair,  
coimsech iad arna huilibh  
*Congal* caisChinn moir Maghair  
cabair sloig fhairsing fuinidh.
15. Laithbertuch laech nar scuthchaid  
gaeth tre claithsnechta cithmher  
fir Breg a bron do benfad  
an dechmad fer mor midhchar.
16. Go Domhnall ócc da n-airmher  
da foghnann gach fod linnhar  
do Cloinn Neill don tred taibghel  
ainfer dec sa reim rigrad.
17. Deich celi ad-cim don cinedh  
tar ar sín Eri a hinar  
fir co mbuaidh di ara ndereadh  
fuair degfher hí na n-inadh.
18. Domnall o Dun cas Cnucha  
gan súdh mar blas a bracha  
ní toghfa me mein secha  
bretha De reim a ratha.
19. Mac Domnaill duilli ar craibe  
O Domnaill Tuinde Tuaidhe  
mac d'Fhínlasair a hAine  
gráinde a minrasaibh Muaidhe.

20. O Domnaill ceibfhinn Codail  
comrainn d'Erinn ní uirich  
co mberí an fer fáil droighin  
lan re froigidh fer fuinidh.
21. Do lín gach lind ar tragadh  
mar do rig sind an sairfer  
nír lia bo as lucht ga linadh  
sa lo ar rigad Art Ainfer.
22. Blath gach tiri na torad  
gnath dili mar a dubad  
gach fidh cnó bán ac blodhadh  
gach domán lan bo is brugad.
23. Gach coill mín coimthe comlan  
toirthe na tír ga tuilleáim  
tonna in calaidh ar comsnam  
lomnan magair is muirmhil.
24. Maigri gel solus Siunna  
dar len gach sonus sunna  
do saercleith mín deirg Droma  
tonna a tír do teilg tunna.
25. Fin garc co tondDruim Tuama  
nach tard d'Ua Domnaill daenna  
tonna in cuain a cur fhina  
co bun Sidha uair Aedha.
26. Clann Dalaig Domnaill Temrach  
tártaid co tondDruim Dairbrech  
fir co cloinn linmar Lughdach  
coill ublach minglan maigrech.
27. Mer togdha glór na ngilla  
colba na sílog sílogh Slenna  
sona a cnuic cassa corra  
donna a mbruit, glasa a nglenna.

28. Geill *bu-thuaid* na n-idh uainne  
gach re n-uair na fir fuinne  
ní bi uann cain da celi  
dual Eri daib is duinne.
29. Secht ndecfhir dib a-derim  
rí na n-agaidh ní fhagaim  
ar son na secht righ romanni  
sil Conaill ac techt taraind.
30. Brian, da Aedh, Niall cas Cailli,  
Niall na *fras* fa caem *cloinne*  
tuc gell do Conall Cime  
Colum Cilli ar cenn coinne.
31. O Domnaill tsair o *Šinaínd*  
a mair ar tonnDruim Tabail  
do foir geil-én caemh Corainn  
Cenel Conaill saer Sabhail.
32. Nós rig Emna cor erigh  
a gnim co ferrdha failidh  
nochar denta na *duanaibh*  
sluaga d naid echta d'aireamh.
33. Gidh aluinn rab laeg *lachta*  
na damh caemh nocha crechfa  
*abaidh* blath na cno corcra  
trath molta do *bu-dhechta*.
34. O Duib Dirma an tarb tuilmer  
do marb in righda rinnghel  
ní cuirthe a ndan co *ndernadh*  
engnam na dal nach *dingned*.
35. Tuc Tech Fardroma finduinn  
gan ardlonga gan ogluing  
do marb ó Mail aird Fabuill  
's do airc Maluinn cain enóduinn.

36. Do *innsaig fer soer Sligid*  
*Aed cor len asa lebaid*  
*fa rúathar suairc cruaid caguidh*  
*cuairt Claduigh uair an Ebair.*
37. Goill co mín o a ceim cagaid  
a ngeill *co righ* na ribibh  
do fromh debaidh an dreacain  
tor ecair *slemain* Sligidh.
38. Ruaic *sá rindlán áigh* uirri  
d'imradh nocha n-aíl linde  
dobo ruadh colc don *coinne*  
do-r[o]inne a mbord fhuar Fhinni.
39. Ruaic garc an *leomain* loianmir  
co hArd Eogain do *fholmaig*  
do-*chuid* da *breith* a Boirnib  
le *coinnlib* creich cruaid codhnaidh.
40. Ge ruc bu imdha uainne  
a dimda nir dú duinne  
as é linn taith ar tiri  
a righe Cinn blaith Builli.
41. Mac Domnaill *Domnaigh* Cobha  
nochar *odhraig* a fhala  
ac Brian do bi na togha  
ri an Brogha riamh a ragha.  
Ragha na cloinne.

To Domhnall Óg Ua Domhnaill,  
king of Tir Conaill, † 1281.

*Fol. 69r.*

GILLA BRIGDE MAC CON MIDHE .CC.

1. Do-fhidir Dia Cinel Conuill  
do cur a n-iméanfmh tar ais  
tainic tre baidh cride Colaim  
ar fhine caidh Conaill cais.
2. Do batar tre écc an airdrigh  
oirecht Erne a n-ecen moir  
táinic don cuan a Muigh Macan  
do cuir don tsliúg bacan broin.
3. Ot cualatar a techt tairis  
terc enfer do an re a chris  
fiú le athair a uaigh d'erghe  
le scathaib sluaig Erne a fhis.
4. Nir cuiretar Cenel Conuill  
ceill do Domhnall Droma Cuinn  
ni becht a clos lesin ceidfer  
a techt co Ros géicgel Guill.
5. Do-chuaid do crobaing an airdrigh  
encnu fa hairde ar an craib  
cor lin mogal an croinn cetna  
popal do Cloinn Setna sair.
6. As é sud Domnall O Domnaill  
ar ndul ass do fhadogh gris  
do cuir don gren sal na sine  
gor gab fen an righe a-ris.
7. Domnall mac Ecnechain Fhána  
enchos fulaing Innsi Fáil  
gabul tren re Tellach Conuill  
do bennach bel Coluim caidh,

8. *Lásair Fhina ingen Moiri  
mathair Domnaill fa donn brat  
nochar fherr athair a brathar  
rachaid gell mathar don mac.*
9. *Senfhocal firinnech fiadnach  
ferr becán clainni ina cland  
laegh<sup>1</sup> gach bó dá mbé ara machad  
ní hé as mo arin achad ann.*
10. *Ar enmac ní hoirches cesacht  
risan Coimdhe ní coir gleic  
gid cubra cach slat mín messa  
bídh mac nach messa ina meic.*
11. *An mac berur dh'eis a athar  
átighess telluch co Té  
ré a braithrib nó co tí a teimhel  
táirther ní fa deireadh de.*
12. *Fíacha Fínnaladh flaith Erenn  
enmac do fhácuib do cloinn  
ina leith do Tuathaib Temra  
ar mbeith Tuathail Berba a mbroinn.*
13. *Ruc a mathair muines Tuathail  
ga tocbail co techt a ciall  
co ruc Tuathail Techtmhar Temrach  
rúathar nertmar seabrach siar.*
14. *Torchair leis a n-ic a athar  
airdrig Gaidel isin greis  
dar gab Erinn a Muigh Midhe  
ar nguin Feilim Line leis.*
15. *A mbroind do fagbad flaith Gaidel  
ar nguin Cumuill cais tar rim  
fer dar athéridh a nEri  
flaithfhénnidh na fene Finn.*

<sup>1</sup> laech MS.

16. Cormac mac Airt airdrigh Banbha.  
a mbroinn d'fhácbail dob fhír s[o]in  
Temair Dá Thí fhuair da éisi  
do bí a nUaim Cési fa coin.
17. A mbroinn do fagbad flaith Oilig  
Aedh O Neill gan ní na laim  
isan tachur ar Muigh Macha  
ar nguin athar flatha Fail.
18. An mac óc sin airdrig Bernais  
a mbroinn d'fhacbaill áebdha in gein  
comb' e an gécc a De na daraiddh  
a Dhe rob séd samail sin.
19. Ni heidir gan imad daine  
ac Ua Domnaill Droma Cro  
uathad gun righ o Muigh Medha  
tir ris nach fuil dela dó.
20. Ni hoirches cronachad Connacht  
fa cuidechad ar Cloinn Neill  
foillecan finn catha Cési  
lind bracha Desi budh déin.
21. Ni cora cronachad Muimnech  
fa mac nDomnaill gidh dámh trom  
mac ingine do Móir Mhuman  
findbili sloigh Ulad oll.
22. Gach fer ar sál suaill nach oide  
d'airdriú Conuill is ní celg  
ó do tócbadh a toich Suibhne  
toir ógdamh Bruighne Dá Berg
23. Fechaid bar menma a mna Erenn  
ó Fhídh Gaiblí co Glenn Róid  
ben a hairdfhine ní fhoghbaim  
gan cairdine I Domnaill doibh.

24. Do mnaib sil Murchada a Maisden  
re mnai d'farraid gidh eadh raib  
*ingena Clá[i]r linnglain Laigen*  
ni hinbaid dháib aighed air.

25. Dá sirind ó Cuaili a Cepáin  
cúiced Connacht co Cill Ró  
snáthad cáel gel noch a gheabha  
*ben saer gan a dela dó.*

26. Domnall mac Domnaill I Domnaill  
damhna rí Temra Dá Thí  
*trebad ar tuinn oirir aga*  
oiridh do luing fhada í.

Da fhidir.

6

On Toirdelbach an fhiona Ua Domhnaill,  
king of Tir Conaill, † 1423.

*Fol. 71v.*

RUADRI RUADH O HUIGINN .CC.

1. Fulang annróidh adbhar soidh  
fadhla ar tús as tuar fledhoil  
ass e as túr anóra ann  
rún an ansodha d'fhulang.
2. Grad fagla 7 fuath do síth  
múnadh gach adbair ardrigh  
fulang trell a ndocracht dó  
as ferr d'fhortacht an annró.
3. Mad úathad do a ndeilb fhagla  
dleaghar suil re sodamhna  
gé beith seal étresi air  
fedh na cedreisi cocaidh.



4. Gach triath a tós a bethad  
sa adbhar *acht* d'aithnechad  
radóigh dleghair asa dhail  
a ndeagaid anéoidh d'fhagail.
5. Suil *Goidel* red ghruaid ndelbaig  
nir tercaide a Thoirrdelbaig  
tú mar *glendtaide* ód gael fein  
a taeb seabcaidhe soilléir.
6. A Í Domnaill dergas ga  
ni *terc* a trath na fogla  
*fer* dot síogh a nglacuib glenn  
nach facaidh ól ná aifrend.
7. Do *batar* ga brad budh mo  
ag *fulang* fhuachta is annró  
mar faelchona ó coill do coill  
bar *laechrada* ó Cloinn Conaill.
8. Nír cuireadh a ciab ralacc  
re himad bar n-escarud  
a n-uthair aighne tar ais  
do bruchaib daingne a nduthc[h]ais.
9. Selad duit ar dithruib Luirg  
seal fada ar fedhaib Míbhulc  
seal ar coillid buic Bernais  
duid ac toillimh tighernais.
10. La a nDrobhais dod dreich mar suibh  
as lá ar coilltib Cinn Madhair  
la ag gabail a nGlinn Fhinne  
a branáin fhinn fhidhcille.
11. Tuc Dia nocha dal leathrom  
lór a aibne d'eneclann  
ní mibreth dot mhalaig nduib  
na agaidh minlech Murbuig.

12. Tuc duid a drecain Gaela  
Ess *Ruadh* is Síd senAedha  
as *Oilech* an airdtreb fhinn  
nach caillter oinech Erenn.
13. Dailfider dot dreich mar suib  
os cuan long a laib samraid  
elta fhínderg cuach corcra  
luach do diberg ndublocta.
14. Do éal anaró a fholt cladhuch  
d'fhín as d'édach iubalach  
a fiú a *meic* ar Neillne a-nois  
ar chreic na hErne fhuarais.
15. Gnath do-geibther a toradh  
cosmaíl sa tend tarrubar<sup>1</sup>  
aisling agus í granna  
a ri farsing Findtrágha.
16. Le siubal oidhche bhfuair bhliuch  
fuaruis righe a run feithmech  
na hoidhce garba gemrid  
roinnfe a tarba a Thoirrdhelbaig.
17. Le gním oidhce a urla tais  
mor ndamna fhuair at fhécmáis  
cena an duthchusa bu-déin  
múchfusa cena a caithreim.
18. San oidhce do fhuair a ghuin  
Edirscel mór mac Eogain  
do laim Nuadhaid naraidh Necht  
luaghail da tárruidh tresecht.
19. Eirgheis soir ger turus tend  
a Laignibh do lot Erend  
Nuadha fa neimhnidhe am gha  
ceinnbili buadha Banba.

<sup>1</sup> tarrubair *MS.*

20. Ni faghtai fiurlaid Erenn  
Nuadha is nosmhar caithremenn  
re linn a fhogla oidhce  
comdha a cill na comairce.
21. Do lecthí nír luaighill ghar  
fa cuiced Cloinne Decchadh  
nír deighbeatha Banba a mbroid  
faghla nemhnecha Nuadhoid.
22. Eidirscel ar aba sin  
tinoilter leis a Laighnib  
fan Magh Laignechein do ling  
gar d'ainmhesnigh a n-indtind.
23. Fa buaidh do bidh o gach cath  
mac Eogain na n-arm faebrach  
cus an ceim rochalma rucc  
a fen natharda Nuadhud.
24. Gleo don Muimnech mana teinn  
tecor ar techt co hAillinn  
ac Nuadhaid ger doirche do  
ruadhaid san oidce a n-armo.
25. A dorchair gé dimbáidh sin  
ri Erenn con fhen Laighnigh  
nach doilig sin ge senscel  
oidhidh fhir mar Eidirscél.
26. Ceim eli a indamail sin  
fúd a codhnaich Clann Dalaig  
rucais as an reo doirche  
tucais gleo sa gemhoidhce.
27. Do-rindis a rí Feimhin  
don fhoslongport éntenidh  
soillsi a ri sa longport lé  
dobi an dorchacht an duibhre.

28. As de torchair 'na tír féin  
Ó Domnaill dana an caithreim  
h'imbualad ar techt on troid  
inNuadhan Necht re a námhuid.
29. Ar mair dib dírech an breth  
sa maidin arna mairech  
an lucht or hinnarbad ibh  
indarbthar a hucht Oiligh.
30. An cocadh suaichnid siublach  
do-rinde tú ad Toirrdiulbach  
ata a-nocht ger dograing duit  
O Domnaill ort na éruic.
31. A mhed do fhúarals d'ecin  
a mbert gasta goirmédidh  
do-beir a écne o Áth Luain  
cách gan ecne gan anbhuaín.
32. Fa dornchar ndéd a drech bocc  
do lamh des ac díth námhod  
fath a luidhe do lama<sup>1</sup>  
cuiiri a trath na tecmhála.
33. Do mér seda a suainemh gha  
a n-am cúrtha na cliac[h]tha  
sen da fuil a fainne oir  
a tuir Gaille an mer medoin.
34. Tuc do glun a geg Temra  
can toirnem ré tigerna  
a roimhince red glun ngel  
a thoirindte ar cul caillsleg.
35. A gnas do-gabhais fád cenn  
feilm cruadha sa cru gérend  
fath an minn righ dot rochtain  
do dín do chinn chumochtaich.

<sup>1</sup> laime MS.

36. Is é as beatha dúthaig duit  
a I Domnaill Duin Cormaic  
dul isa ghleo a drechaig duinn  
bethaid an eó ar an abhainn.
37. Gid inmain le fiadhach fiod<sup>1</sup>  
mó aithnidhther ar h'aicnid,  
a lámh gan oba ar irghail  
grad na troda a Toirrdelbaig.
38. Sandtaighe iná saithe bech  
do techt moctrath ar mínlech  
do ghruad tibreachsa ara túr  
an uair imresna d'fhadúdh.
39. A chroide as caithmíge a curp  
a leomain buidhe ar beodhucht  
a dam sidhe a caemchru Cuinn  
a fhaelchú criche Conuill.
40. A slat pailme ó Phurt Erne  
a eó ar nInnse Saimherne  
a glun cromthair fa crú ga  
a cú *confaid* na cliathc[h]a.
41. A illdánaidh Essa Rúaid  
a aithghin Con ón Craebruaidh  
a imechtraid coir na cath  
a imertaídh oir Ulltach.
42. A Ardain a Aindli garb  
a sódh folmaighte fincharb  
a rónaisi a chraeb fa cnoibh  
a maer *foraisi fásoig*.
43. A aicnedh farsaing feithmech  
a eoin nertmair nuabeithrech  
a degfhir as cruaidhe a cath  
a Guaire enigh Ulltach.

<sup>1</sup> above the line.

44. A Thoirrdelbaig nar theith guin  
a deghmeic Duibe Coblaigh  
do dimdha a derc mongdonn mhall  
terc da foghnann a fulang.

Fulang.

7

On Toirdelbach an fhiona Ua Domhnaill,  
king of Tír Conaill, † 1423.

*Fol. 72r.*

FERGAL RUAD O HUIGINN .CC.

1. Fada a-dertar na deich rí  
do breith na leabaíd go leir  
go roich an t-aenmadh dec dibh  
.x. rígh d'écc a naemBhrugh Neill.
2. Na .x. rígh airimhtir and  
.x. rígh<sup>1</sup> as láindemhin lium  
na bídh ar ainmeabair ann  
sil na crann failmemhail find.
3. .x. fercoin ar fás ó Níall  
nach derbthar tlás a leth lamh  
don droing bágaig re mbíu ar<sup>a</sup> scel  
is frem Dalaig riú ga rádh.
4. Is beite a haen nó dó décc  
taeb na leice dá só síad  
gerb ferr an drem fhailíd [ú]d  
gerr mar súd re n-áirim iad.
5. Gan rígh ag duine na ndiaid  
'sna huille fa díri doib  
ingnad ri 7 tri trir  
's gan ri dib ar findMagh [Fóil].

<sup>1</sup> na .x. rígh *MS.* — \* *above the line.*

6. O Domnaill tusa a taebh nua  
nir faemh tussa rodrum rú  
ffan Emna dod reir ní ró  
is mo is O Neill Temra tú.
7. O tainec mac Neill a-nall  
a ngeill nachar glac an ghill  
bróg rochorr gan buain da bonn  
uaid sonn na cochall na cinn.
8. Colg glas a tendta gach taib  
fa glas cerdcha colg an *tsluaig*  
lan gach derna gel do gaib  
gelgha na laim re seal súain.
9. Geill cethra *cóiced* ré choiss  
óicfher les nach geabtha geis  
téid conlan da echtra ar ais  
as glais gren ta lomnan leis.
10. Lé mac an *ceid*Néill clu trom  
is tu a glac géicréidh ar ngell  
días fa sénamla ag snim crann  
*clann* da righ énanma is fherr.
11. Gluais a mac is mac do Niall  
ní guais deit *no* lat do lín  
on oired *cedna* ar do cul  
roibec dunn a redla rígh.
12. Gluais fá *samail* a *tuil mhall*  
gluais ó tadhall tuaid a-nunn  
as í an echtra anró as fearr  
na geall techta samló sunn.
13. Cuimhníg Muircertach mac Neill  
slat fa tuilcintach re toir  
lé mili do elódh uainn  
d'uaim tiri fa glémór glóir.

14. .x. ced tromrígh tainic sunn  
dá rainic a coimhlín crann  
ní d'aimsir echtra dob fherr  
grend snechta fán aimsin ann.
15. .x. ced colg co cuiri laech  
créd nachar borb uili ar áth  
ri firi do fheith gach íath  
mili sciath da leith clí ar cách.
16. Mili sdargha in cech aird íad  
maire tíri re tarla a ngrúcc  
dín dá gach cind fa cleith nGreg  
.x. ced minn rígh oca rúd.
17. .x. ced muince dualuch dlúith  
bruinnte o gualuch is ó gaith  
ucht na fer re cúilleth caigh  
sleg áigh is luirech gach láich.
18. Cochall seichedh doib fa dhín  
an tóir nach techedh ar cul  
gasruidh mer do glac gach giall  
fá mac do Níall nar gel glún.
19. A cochaill fene a ló liuch  
iman ménne far mó an t-ith  
cor clodh síad nír chaemhain cloch  
iad na both caelaid ar cith.
20. Seolais ar Cloinn Cathair Móir  
re droing gan tathair gan táir  
ní haighed tucc asa tír  
co rucc ri[gh] Laighen al-la imh.
21. Teid fa Connachtaibh ar cúil  
Connachtaigh do léc na lín  
ri Cruachan do gab na gíall  
cían a bladh on ruathar rígh.



22. Do-rinne Cormac Clair Mis  
mar sloindter ag cach ré cois  
tét úainne nar labair less  
samail dar feis nuaidhe a-nois.
23. Da gasraid gan sceim gan scáth  
dar a casmair feidm is fích  
lucht soghnim tall a dha triath  
comlín sciath is lann is laech.
24. Da dlai dína Banba Briain  
don righe fa calma céim  
tusa an dlai derinach dib  
do deghfidhach sil naí Neill.
25. Do clu ní hísseal do fhás  
mar bud tú tísedd ar tós  
slighe ó trénnac Neill im Nás  
reidh nar fhás a ferbrat fós.
26. Sib cuaine in da *conclann* righ  
comthrom n-uaili ibh ar aen  
Éri rib aga reic riamh  
meic da Niall ibh is dá Aedh.
27. Lentar an tslat fhailid ard  
glac do cailsleg is do colc  
bas rinncorr fa ra[i]mher ferg  
derc timcholl Laigen a lorcc.
28. Ní dleghar roibreth a rún  
san fedhan Laighnech ga liúdh  
sil Feidlim ré fess an ágh  
lamh dess re hErinn bur n-iúl.
29. Do-chi me rian flatha fúid  
é red ré ní racha díid  
tu fen ar nEcnéchan ócc  
fod Neill na tceclethámh tríd.

30. Is tú an Toirrdhelbach ga tá  
toinnBreghmach mar a taeb nua  
cúis fan dograinn dreim red clú  
Ó Domnaill tú 's Ó Neill nua.
31. Tú an lenban ó Leic na Rígh  
a meic as nemnár do Níall  
farsma degsil na ndeich rígh  
sil a leith ciníl do chríadh.
32. Cídh nach bermaís a blath nua  
ga fath fa celmaís dó clú  
bretha dírghe lat red lá  
is mac mná dar tírne tú.
33. Breth dírech an Banbha bhoce  
agat fhaphra línech lag  
así an Banbha do táth tuc  
cách ag drud na fagla a fad.  
Fada aderar.

8

**On Neachtain Ua Domhnaill,  
king of Tír Conaill, † 1452.**

*Fol. 70<sup>v</sup>.*

**MAC CON MIDHE .CC. .J. BRIAN RUADH.**

1. Imdha urruim ac *Ultaib*  
*dligid* uaisli *imarcaidh*  
ass e dleghar do dhuine  
lenadh sé na sochaidhe.
2. Da *ffarfaigedh* duine de  
uaisli caich tar a cheli  
*dligid* file *freccra* mall  
d'eccla an tighe na timchall.

3. Ni himarbáidh budh ail linn  
a hucht *Ulad* re hEirind  
tiefa a molad uili ass  
molad gach duine a dúthc[h]as.
4. Ós ag tacra a hucht *Ulad*  
cía in cúiced a cualubar  
acht ó Oilech go hEamuin  
oinech ina hinbheruibh.
5. An cúicedh gid cia do-cluin  
ní tuicther ass acht *Ulaid*  
ata so d'uaisli ac *Ultaib*  
nó no uaisli d'imarcaid.
6. Mór cath ag cosnam an ghill  
tucsatar *Ulltaig* d'Eirinn  
áite a nglun do-geabtha aniugh  
a n-úr na cethra cuicedh.
7. Da tecmad leath Leithe Cuinn  
aca do congnam cuguinn  
ferr an lon do Leith Mogha  
clod gan creich gan comadha.
8. Ge be imarcaig eili  
nach fuil aca d'airide  
do an an fheili ag *Ultaib*  
a Eiri dot imarcaig.
9. Gach urraim dar airimh me  
ag *Ulltaib* uaid a Eiri  
ata so ag urrainn d'*Ulltaib*  
no no urraim d'imarcaid.
10. Trian ós an da trian oili  
do cúiced *Clann Rugraide*  
tir ni cuala na cumaid  
an mír cruadha *Conullaig*.

11. Urruim *Ulad* aca sin  
 urraim *Erend* ag *Ulltaib*  
*Ulltaig* ni huatha don gell  
 d'*Ulltaib* na tuatha a tuitend.
  
12. Urruim caich '*con* crich a fuil  
 biaidh uair bus olc le *Nechtuin*  
 a triall gen co humal ass  
 ni ar trian *Ulad* anfass.
  
13. Da madh *toera* go *Temraig*  
 bud mían le mac *Torrdhelbaig*  
 as nessa da lis a long  
 ar slis *Essa* Da *Eccond*.
  
14. Da *fostad* ga becc a breth  
 ruc *Flann* is *Laitheoc* laidhech  
 da cuma o do-*choid* misi  
 coir a hurra d'innissi.
  
15. Ni hindister co himlan  
 decair techt on athimrádh  
 mona lecar a rém ris  
 an scel ge tecar tairis.
  
16. Tainec ann cor *fhiarfaig* sin  
 a mac do *Laitheoic* laidhigh  
 cía haca an uairsin dob fherr  
 da faca d'uaislib *Erenn*.
  
17. Buime eces *Indse* Fail  
 an *raathair* sin meic *Lonain*  
 dul lé as ecen ara heol  
 oir ni heidir é d'aithceódh.
  
18. Ruc an ben sin as baidh linn  
 breith re h*Ulltaib* ó *Erind*.  
 ruc ar leith *uathaib* uili  
 breit[h] le *tuathaib* *Toraide*.

19. Creid don iulsa, ass ed do raidh  
a mathair re mac Lonain,  
innsaidh sil Luigdech a [F]loinn  
fuiglech na righ o [F]remainn.
20. Enduan doib da nderna nech  
adubairt Laitheoc laídhech  
co madh mó a tarba dá thoigh  
dó na Banba rè bliadoin.
21. Do-ní duain na degaid sin  
d'Ecnechan mór mac Dalaig  
ara ndegsen re duain Floinn  
do-cuaidh a Ceneil Conoill.
22. Do comhaill ger borb an breth  
a ndubairt Laitheoc laidech  
úa na righ a Gulbain guirt  
ag dil an ughdair órrduirc.
23. Ni bíu ris acht ní raibe  
anba an acmhainn enbaili  
mian da mfanuib nach fuair Flann  
san iarruidh uair narbh inam.
24. Cuairt Erend<sup>1</sup> o tuinn go tuinn  
ferr a tucc a Tír Conuill  
ní dechaid Flann seice soir  
's gan acht eite and d'Ulltoib.
25. Facbaim urraim Indse Fail  
aca, ar Flann mór mac Lonain,  
do Cloinn Dalaig ní dil linn  
gan sil Adhaim fá a n-urrim.
26. Aithrester corub é sin  
a frith d'adhbar da oighid  
as hí a teist tuc ar Ulltaib  
rucc a ceist do Connachtaib.

<sup>1</sup> Erind MS.

27. Os iad féin do hagraid air  
dighlaid Clann Conaill Gulbain  
ar Leith Mogha marbad Flainn  
nó fagbadh comha cugainn.
28. Rigráidh eile Innse Fail  
ar aithris [F]loinn meic Lonain  
da teccma fich na rig roind  
bídh mo dín ar Úa nDomnaill.
29. Ní rach secha sfar na soir  
Ó Domnaill Dúine Murbaig  
a ndubart is do do ben  
ac so ar n-udhacht ós iséal.
30. Na bíth enduthc[h]as eli  
damh re mac meic Cablaige  
da mbeith ar nGrainnine am Ghall  
a leath d'airidhe agam.
31. Sil Nell meic Aedha a hEamain  
Sil Moain meic Muiredhaigh  
don tsíl do fhuair da oide  
a buain dín is decreáide.
32. A lorcc da lenadh Nechtain  
Clann Daluig meic Muircertaigh  
fá hí an clannsa ar cuil turaidh  
dúinn nírbh annsa Eoganaigh.
33. Baid Gilla Brighde assi sin  
ar cedbaidh re Clainn Dalaig  
gé do-rad mé deridh di  
ní do neimhedh é indte.
34. Da mbeith riamh mar nach ráibe  
m'fhuath ar mac meic Cablaigi  
dobo thene a grís ar ngradh  
a-rís ní heri a fhadágh.

35. M'onoir o airdrigh *Murbaig*  
is imthnuth le a ollamnaibh  
le a tug se dam do deithness  
me gá char a coimeighthess.

36. Ni hinann me is mac Lonain  
is urussa m'ingabail  
in breth nach bi air a coimse  
air nech ni hí iarroimse.

37. Do-rinnetar tiar gá tigh  
ar tabairt cuarta an cuigidh  
Laithóg 7 Flann file  
an flaithód and d'fhait sine.

Imda.

9

On Neachtain Ua Domhnaill,  
king of Tír Conaill, † 1452,  
in which the poet Gilla Brigde mac Con Mide is invoked.

*Fol. 70<sup>v</sup>.*

IN BRIAN RUADH CEDNA .CC.

1. Lenfat mo *chert* ar Cloinn Dalaig  
mo dhúthchas riu recfa me  
ni gebh acht le *cert* don *cedseal*  
do-gén nert mad éccen he.
2. Maithem mo cirt a cruth ecin  
d'iarraid orm dob olc an ciall  
dol a tlás re Ceneol Conaill  
neimheol dar fhás romainn ríam.
3. Ma ta stad ac sena a nduthchais  
an drong fhial is airde clú  
faghbaít Cinedh culchas Conuill  
duthchas filed romainn riú.

4. Fá sinn fan amsa a n-aes dána  
mo duthchas dan diulta síad  
sluagh Finne an fed nacharb Ulltaig  
do len sinne a nUlltaib fad.
5. Rian na fer as fada o celi  
Clann Echach an aicnid buirb  
sinn re cois ac techt co Temraig  
decra a-nois lenmhain a luirg.
6. Da oidri Neill moir meic Echach  
Ulla araen do roinn síad  
nochan fhuil ag sil na saerclann  
sidh ó soin gidh aenclann íad.
7. Conall Eogan as hi an clandsin  
clann fichmar dob foicsi gael  
ó sein ar fhuigleach a fúatha  
cuimnech ar gein uatha ar aen.
8. An clannsa Neill na nai ngeimel  
fa Gort Banba do bi síad  
mar dá cloinn a cenn a céli  
im roinn do mell Eri íad.
9. Comghar dam duthchas na cloinne  
Conull is Eogan fhuair blad  
ge beith an clann na da cinedh  
rann ar leith ni dligeid dam.
10. Gilla Brighde gar becc duinne  
do derbad a ndubhairt me  
as inand scel do 7 damhsa  
ag so an frem lerb annsa é.
11. Dob í a doigh is nír doigh brége  
do bi aicce iúl gach righ  
dá mbeth fá choill ar clainn Adhaim  
nech do Clainn Dalaig dá dín.



12. Mac Con Midhe ar med a toirbert  
tuc gach gell do gasraid Li  
breth an té darb aithnid Ulltaigh  
do aithrig mé ar Ulltaibh 1.
13. Mor da fhala úair an t-ollam  
dá n-adma sinn assé a trath  
tainic dom tressi ó sil Šedna  
mesi sa lín cedna ag cách.
14. Nach lía fala fuair an cedfer  
tre Clainn Dalaig na nderc ngorm  
Nechtáin gum dhín ar cech ndeoraid  
lentair ag Sil Eogain orm.
15. Bean don tír dá tarla mesi  
mathair and righ gan rún ngann  
do much s[ó]in gach gael dá goiri  
da fuil don taeb oile ann.
16. Atá a certleath do Cloinn Eogain  
oigri na righna ó Ros Chré  
gé ata a leath do Cinedh Conuill  
na siredh nech orainn é.
17. Ni diless me a-mesc a bidbad  
gen co beinn reid ré a rosc ngorm  
benaídh dim an tragh<sup>1</sup> sa timchul  
gradh and rig ga imchar orm.
18. Do Domnall Ócc dob fher grada  
Gilla Brighde benaídh rinn  
crithir dá annsa ar an ollamh  
mithid damsá a lomadh lind.
19. An trath sin fa testa an fili  
fiss a écca ni fhuair siad  
dorinde cath<sup>2</sup> Erne an uairsin  
eirghe a-mach do uaislig fad.

<sup>1</sup> traigh MS. — <sup>2</sup> cáth MS.

20. Cenel Moain na magh n-aibinn  
airgid uile is nirb é a súim  
ní frith toir fa crodh na criche  
ar ndol doib trithe co tuinn.
21. An tír sin a testa an t-ollamh  
esbaíd a crech nir cai siad  
dar leo do bi d'amghar orrtha  
ní narb adbhar orchra iad.
22. Gilla Brigde dob é a n-adhbhar  
lé a annsacht leo an lá do mhair  
dul fa bás idir mnai is maca  
do bai do gras aca air.
23. Triallaid da tórruma a charaid  
Clann Gairmleadaid gasruíd reidh  
an clannmaicne as dib do dliged  
lin annlaicthe a filed féin.
24. Domnall Óg a[n] t-am fa cuala  
cás an tíri a tarla an rí  
do léic an crich uair na hénar  
uaidh gan díth do dénamh dí.
25. Tuc doib aisec arna hairgthib  
ar n-ec ollaim Fhóid na Niall  
ní fuair sé na ollamh eli  
brondadh mar é reime ríamh.
26. Domnall O Domnail Dúin Murbaig  
an mac rígh sin na ruag te  
bang súas do cuir ara cinedh  
an duas cruid nar dliged de.
27. Ni lenabh de d'eis a ndubart  
do Domnall Óg ní fhuil sind  
ní hé corub nessa Nechtair  
ní mesa an te lentair lind.

28. Uired gras re Gilla Brighde  
 bráithim mo rún da rosc gorm  
 acht munadh ferr m'anair uaibse  
 nir faláir leam d'uaisli orm.
29. Cuirim dim dighaltus oili  
 a Úa Gofraid nar gab ruaic  
 acht mo dhan mar gell do gabhail  
 munab lan leam mh'anair úaid.
30. Sailaim féin da faghainn uaidse  
 innsa a Nechtain an ní ad-ciú  
 inadh mo sen a cru Conuill  
 gor ben tú orainn a fhiú.
31. Do treices ort anba in cumand  
 Cloinn Neill Cailli cár clecht sinn  
 gé ata a comghar na cloinne  
 h'foghnám as e as loinne linn.
32. Do lecess uaim aicme Colla  
 is Cloinn Cathain nar char bú  
 Clann nDalaig acht ge he as andsa  
 do gradaig me tarrsa tú.
33. Slicht Conaill as Cinel Eogain  
 d'és a mbrethnaidhe a bharr claen  
 don croidhe ní hólé an aithne  
 loide ort da n-aithli ar aen.
34. Ní hinmaidhte ar hadaidh mílla  
 méd mo breithe dot bharr nocht  
 h'aithgin ar do-chul go Conall  
 mas aithníd dúnn togham thort.
35. O Toirrdhelbach mac meic Aedha  
 dán hoidri tussa a taeb seng  
 da mbeith sib gan breith an baire  
 as lib do leith Grainne a ngell.

36. Se rig .xx. d'uaisl**ib** Fodla  
fiuchaid trid 's gan tú ag ól  
d'fhóir Bernais 7 d'fhoir Emna  
cóir on enghlais meanma mór.
37. Ar ibh gach rí do reim Fhiachach  
ag ól tonna re taeb puirt  
ibhid faighte d'fhín a urdail  
d'ait[h]li and righ a Gulbain Ghuirt.
38. Ar Nechtain ní nacharb ingnad  
d'eis gach testa dár derb mé  
tárraidh sinn trén ris nach tecar  
lén am chinn ní hecal é.

Lenfat.

10

**On Neachtain Ua Dornbnaill,  
king of Tír Conaill, † 1452.**

*Fol. 71<sup>r</sup>.*

IN BRIAN RUADH CEDNA .CC.

1. Dimghach do Chonall [Clann] Dálaigh  
dimghach ar nach oirches dlai  
ní ní acht mar do an ar eneing  
an ri is Magh Feilim fai.
2. A laighed do lámadh Conull  
do chrich Ercan mass e a bhath  
ac sin Clar Una gan urraid  
a lán sula cumaigh cach.
3. Na locadh ge lesc do Domnall  
druim re haibnes Essa Ruaid  
as é a tinnsca do bud decra  
dá tinnsca sé<sup>1</sup> techta a-tuaidh.

<sup>1</sup> so MS.

4. Ata ara breith ge bé aca  
uaim a crich nó a cur da ndruim  
fechar an mó tarbha a thilidh  
dó na faghla Cinidh Cuinn.
5. Ni coir tnuadh re truime a cana  
coimdhe an tíri ata na diaidh  
ní *mestar* corub mo a tarbha  
do *no frestaí* Banba Briain.
6. Urusa fhadogh na tenedh  
telluch reimpe da rabh te  
in *fer* bus ri a ndiaidh I Domnaill  
do ben ní da dograing de.
7. Imdha ri 'ga raibe Banba  
*nach* bia festa ac *fíor* da sil  
do-gheba Sil Creidhe comha  
bidh Eri gá rogha rig.
8. Ata a lin an lá nach ticfa  
a timchell Connacht fa cuairt  
cred *bud* ecaíl ó feín *Šuca*  
*lecaí* a ngeill cuca ar cuairt.
9. Gan gialla ní dligh Ó Domnaill  
a ndiaid an tíri a-ta siad  
bar ngeill dá tig acht co tuctha  
is lib fen a Ulta iad.
10. Scailtech ar maeruib *mac Grainne*  
*Gaidil* Banba acht co *mbed* reidh  
caidhe fath a ngiall do *gabail*  
cach ar Niall ga falair féin.
11. Da radha ní rach a n-uaicnes  
re hoidri Neill na nai nglas  
déna dá ní re Magh *Murbuig*  
an mar tai *no ullmuig* ass.

12. A tathai ó testa *Congal*  
gan Clar Fodla fada in fhís  
ma ruc uaibsi leim ar line  
uaisli Néill sa righe a-rís.
13. Ni bía tú do toil na córa  
a crích meic Nesa ní as sía  
righaid Sil Daluigh a ndamna  
fa gradhaib rig Banbha bhía.
14. Da tecma duid dol co Temraig  
an tech bunaid a mbidh siad  
ga ferr deoraid do dil tathnaimh  
sil Eogain na harthaich iad.
15. Ar cend do righa a rt Bernais  
do bí Eri a n-urlaim Ghall  
ge beith nech le bud áil h'oighricht  
nair muna beth h'oirbirt ann.
16. Na gerr lubhort na loisc baili  
o Beinn Édair co hÁth Liac  
a cruacha cedh ima scailfe  
tuatha Bregb ní fhaicfe iad.
17. Leabar Sligty Saltair Caisil  
cuid dot fhiadnaib as e a trath  
muna dil sibh ara sirfe  
bídh sin mar do-cidhfe cach.
18. Ni bía acht dot ched a crích Banba  
gi be fer re fuil do grúce  
ní ar ecla na fer foladh  
da tecma tegh folamh fúd.
19. Eistecht re hadbhar na ferge  
fuarais d'umlacht on fhuil deircc  
mar sin tuicthe trath na celli  
tuicfe a háth fene ara feircc.

20. Damad let ni lugha a Eri  
ó Ath Senaigh co Sliabh Mis  
an nech do smuain éd red tinbhe  
a fuair créd do-righne ris.
21. Ni tabhair acht tacha fina  
*flaith* ad tigh da tí do ruaic  
fada sin o hol a n-aiscidh  
is lór an fleidh d'fhaicsin úaid.
22. Ase a imad d'fianaib Bernais  
da mbeith fer nach fuide a díl  
minec cedlong cuain na hErne  
etrom uaib ag erge ó fhín.
23. Ní anfa a n-adhaig a toili  
da tuinn *grada* is gerr co nocht  
d'fheghain h'uca iss *ed* do-bera  
dá tuca ben éra ort.
24. Ar mnaí taidhe tucc O Domnaill  
*dechain*<sup>1</sup> mall ler mael a ferc  
do thinlaic ben a sed suirghe  
d'éd re fer Bruigne Dá Berg.
25. Da ndecheid ní do díth aithne  
enfer gan ríar ó righ Mis  
ní ric a less damh da decra  
les ar an dán remhpa ris.
26. Ni bud mó nó med a caithme  
Clar Banba da mbeith fá chin  
*samail* 7 sidh na héra  
a tabhair sil Énna d'fhir.
27. Nir dergadh re damhna gotha  
gnuis I Domnaill Dúine Bo  
ma do-cí adbhar ga ollamh  
rí Alman ag donnadh dó.

<sup>1</sup> *techain MS.*

28. Ferr a crich o cose a merlech  
 mac Toirrdelbaig ge trom libh  
 an ní nach al<sup>1</sup> les o nEchaid  
 ní bí acht a rádh, sechain sin.
29. Do cenglad sidh re slogh nGaidel  
 ní gar fodhail d'fhine Gall  
 boin a muigh da mbi re bliadain  
 ní fhuil acht í ar farraidh ann.
30. Díth ~~an~~ ~~aisce~~ ass e fó-dera  
 dimbuan lín do linnidh chall  
 an Erne ní hí nar laghdaig  
 sí ac erghe re balgaib braín.
31. A mbruigin laich Locha Feabail  
 ní ferr leth di nó leth tall  
 ag so a dín ar dimdha an comhoil  
 imdha dil ar onóir ann.
32. Gé madh í an traigh a tech n-óla  
 ibha tunna sul tí an lán  
 O Luighdech d'fhegain an fina  
 beraidh fuiglech dila dámh.
33. Bud leis Boinn acht ge bé eli  
 úa na Niall ó nech ga mbi  
 cain and rig ge trom ag toighecht  
 do dil tonn ré a oirecht í.

Dimgach.

<sup>1</sup> ail MS.



## On Magnus son of Aedh Ua Domhnaill

*Fol. 74r.*

TUATHAL MAC TAIDC I UICIND .CC.

1. Dimghach Eiri d'fhuil Conuill  
coir estecht a huroghaill  
bec tarla fan dimgaidh dib  
gabla d'fhidbaid na n-airdrigh.
2. Cia don fhuil sin fegaidh féin  
is mo da tarla a toibheim  
nir noch si déne a dimgha  
acht Eiri ar tí tigerna.
3. Taiscíd fós a fled baidse  
bid trath ac an toghairmse  
ingnad di foccra a fleidhe  
Fodla is hí da oirbhire.
4. Gé ata [Éri] dimgach de  
nir iarr aitherruch cele  
an tír tuaidh noco tile  
bidh uair ag an oirbhiri.
5. Tarla a ndeagaid na ndeich righ  
fer nach fhuileonga eisidh  
lia Fail gach aenduine and  
aedaire caigh a Conall.
6. Do diult gach enfer eili  
gé ata air ag oirbire  
Eiri mar bud ben buidech  
ní geab ceili comaidhech.
7. Dob eccen daib dol fa toil  
fer da creidid Clann Dalaig  
risan fersain ní fath tnuidh  
cach ar meabhsain a mfruin.

8. Tuicim fein co fuil am *chenn*  
a cur os uaislib Eirenn  
slat a creaid Conuill *Gulban*  
biaid oraind na imurdadh.
  
9. Draidhe ináid duile balba  
becc taradh a togharma  
da mad anumla *budh* ail de  
barumla cáigh le ceile.
  
10. Do *nocht* Eire go nua a-nois  
da toil a *timchell* Magnuis  
be n'sa huga ar na haithne  
do-geab cuga a *comairche*.
  
11. Do legh na riagla roime  
do togaib tri haenaidhe  
na bid Eri ga *fhostad*  
treidhe righ o *rancustar*.
  
12. Ca becc leabar criche Cuind  
do brosdad Cinid Conuill  
crich ar laidhead an *liubair*  
bidh gach ainfher *insiubail*.
  
13. Dena orra issi a *slíge*  
na deich rig ud d'enfhine  
ua an Domhnaillse a ndiaid a sean  
liaigh an gormfhuinnsi *Gáideal*.
  
14. A slechta ni *slighe* gand  
lorc na rigraidhe romham  
tria gach raen ar mbreith a bonn  
a haen 's a deich a-derom.
  
15. An triall ata ara airi  
o crich *Clainne Rucraide*  
da fagbha soidech na sean  
d'Oilech ga barda braiter.

16. Da tecmha dó dul ar séd  
as leis leicther a coimhed  
ua ar nAedhaine ac triall le a toil  
cian an aedaire ó Ulltaib.
17. Beithir reidh is riagail gerr  
gé atáid coibche a cenn Erenn  
le saermnai Cuinn is Cobthaig  
do druim aenlai d'allmorchaib.
18. An trath leices a leabra  
do cach as cúis tsoimenma  
ar scelaine cend a cenn  
ferr an scelaidhe an scribend.
19. Éicen denamh a ndubairt  
na bidh cach na contubairt  
tiuafa briathra an leabair lais  
ni hiarrtha acht mebair Maghnais.
20. Ruccad breth bidh ara druim  
le mac rig do reim<sup>1</sup> Conuill  
gan dimbaidh na baidh sa mbreth  
do-caidh a n-imain d'enleth.
21. Sailim fein go fuil na ngar  
an clann sin Conaill Gulban  
blath mar an Conull ór chin  
romhall re cach a cluinsin.
22. Éigen daib ar druim a sen  
a tabairt d'ais no d'ecen  
dob fiu timna Clair Cobthaig  
dimga caigh ar Conollchaib.
23. Do-cualatar cach uili  
fada ata ga tarrngire  
ó aeis naiden cus a-noiss  
a gáis ac maidem Maghnoiss.

<sup>1</sup> reimh MS.

24. Sgel fire fuaras a-niugh  
ar imthecht neoill is naidhen  
ceim nar *dliged* fa diamair  
do Cinedh Neill Naighiallaig.
25. Tainic nell os tigh Teamra  
cúis far *dliged* deghmenma  
tarla dó gor nell naiden  
scel is cóir do *commaidhemh*.
26. D' *fechain* an neoill fa nua sdair  
do cuireadh *draithe* an dunaidh.  
do gluais sé le sén cogaidh  
nell mar é ní fhacodair.
27. Ingantach an t-aidhe neoill  
ticc cugainn, ar an cailleoir,  
*néll* a maca samhla sin  
ní faca os adbha Eimhir.
28. Ni scarfa an nellsa re neim,  
do raidh fer dona faidhib,  
go ró a *trén* os tulaig Cuind  
nell ní cubaid na *conchlainn*.
29. Biaid an nell dar *nochtadh* lind  
co buain a *horchra* d'Eirinn  
ag cur tresa a ndeibh duine  
a seilb Lessa Laegaire.
30. Ni tainic riam a *richt* neoill,  
ar lucht *fhechain* an aieoir,  
a medh don righfhuil reimhe  
fer firuid na faistine.
31. Mar an cednell o cianaib  
ar aithris Neill Naighiallaig  
ar Neillne sa tulaig toir  
*cubaid* eirge dá fhagain.

32. Cuach digraissi a dabach rig  
benfus d'Eirinn a himsrim  
ar aithris Neill a-nallain  
da brait[h]lis fein fúaramair.
33. Lé mac oidrichta a athar  
fuair Magnus re mebrachad  
mas ceim oidrichta d'iarraid  
degberta Neill Naigiallaig.
34. Croinn [fh]ailme a hoirer na Finn  
na coill toraid na timchill  
Eochaid Feidlech mar gach fer  
eochair geimhlech na nGáidel.
35. Tecusc Fithil fada o soin  
do braith righ do reim<sup>1</sup> Dhalaig  
isli gécc cnobuice a coll  
feg an coraide a comall.
36. Crich Erne na n-iubar sen  
fuilngid eolas a hinber  
cuan min as troma tathamh  
longa a tir ar<sup>2</sup> tirmachad.
37. Ailli an oirir isliu a sreb  
ca ferr deimhnechad draithed  
feg na tolcha im iadh nEamna  
gor cliar toghta tigerna.
38. Ni huaisli deoch do deochaib  
do cuach lan o Laigneochaib  
fuil Daluig cuirse na cenn  
cuisti on Talfhuil a timchell.
39. Deich righ do clannaib Conuill  
tamhan úr a hencrobaing  
ó ata<sup>3</sup> an tslighe reid remhpa  
dlighe ceim red cuidechta.

<sup>1</sup> reimh MS. — <sup>2</sup> longa an tíri ar MS.

40. Foccus duid do leim luide  
senraith Cuinn is Conuiri  
fine Neill uaib a nEmain  
ni fhuair acht ceim cuigedhaigh.
41. O ata na horchar uidhe  
adraig is Lios Laegaire  
a-nallain co Cruachain Cuinn  
luathan (?) ar Clandaib Conuill.
42. Dobi tussa leath ar leath  
reidh ar Emain 's ar Oilech  
raith na Niall do ceim cubaid  
bar fiadh fein co facubair.
43. Da mbeth aimles gan fhis di  
dá cur adraig is Éire  
gar don abhacht a haithne  
na danacht ban brathnaighte (?).
44. Fechaid fein nach frith romaib  
scela caich do-cualobair  
ge mad e a mian reide rib  
Eri riam acht ar recin.
45. Dul na coimes ni coir dí  
na mna is isle ina Eire  
Ráth Dá Thí ni aithnenn ort  
gorb i as baintenn don banntrocht.
46. Ma ta dimga ag cathraig Cuind  
ar uaislib aicme Conaill  
na bidh scáth ar ainfer ass  
cach ga maidhem ar Maghnus.
47. Go frith d'fhortacht a fhine  
fer fhirus an faistine  
romhall do cuimnig a claud  
Conall nar fhuilngig echtrand,

48. A cúiced *Clainni* *Rossa*  
 ní fuighte medh *Maghnusa*  
 a fhir *scailid* na scél tall  
 sen gach aínfhir ní hinann.
49. Fada o *Tulaig* na *Tri Find*  
 lór a aithris ós isill  
 an gairbeng ler an na heirr  
 do gab ainghell ar *Erinn*.
50. Ar *beith* a mbenduib garba  
 gan dul d'fhis a atharrda  
 air tuc an t-amharc dob fherr  
 ní ruc ar radarc *Raidlenn*.
51. Mán édmhara leath ar leath  
 mar ta *Eamuin* is *Oilech*  
 fa *Maghnus* is mo a n-imaidh  
 do labhrus ar luaidimair.
52. Na loidedh a leaba *Goill*  
 feithed fós ar *Cloinn Conoill*  
 ar céli na hidh ag brath  
 Éri dib acht ge *dingach*. *Dingach*.
53. Ata riamh le righad ban  
 minic righna a *Raith Cruachan*  
 do-clas *Siubhan* (?) na *sealbad*  
 tinal ass ar *ingenrad*.
54. Blath fola *Gaidel* is *Gall*  
 ben ní cuirthe na *conchlann*  
 cnu *abaid* dan fiar gach fidh  
 grian ar *madain* da maidhim.  
*Dingach*.

## On Magnus son of Aedh Ua Domhnaill

*Fol. 75v.*

DOMNALL MAC TAIDG OICC I UIGIND .CC.

1. Cia adeir nar melladh Magnus  
ni ceisd is ecail d'aidhnes  
si ar clodh ceilli fa clemhnus  
mor derbus Ere a ainmhes.
2. Don ainfes mar ta Temair  
do gnath can cleamnus cubaid  
celg isa fios nach foghair  
ferg folaid ar Lios Lughaidh.
3. Gan ceilli as ingnad fhuilnges  
Eire na bhfidbad bfannglas  
ni bera se uaim d'aidhnes  
an t-ainbfes fuair me ar Magnus.
4. Glor mealta do mac Aeda  
Ráth Temhra in tan nach gébha  
dol na leth dí ní digha  
ní breth righa hi d'éra.
5. Da tréicce sin hí air Eamhain  
beth gan céle dí is doilig  
nir fhaemh riam fer da feraib  
Temhair Bregh air Fhiadh nOilig.
6. Tall o Themraig do thabach  
is cend sealbha air gach soidhech  
imda ri air ar<sup>1</sup> iarr fhuirech  
ní buidhech riam hi d'Oilech.

<sup>1</sup> air MS.



7. Biaidh Boind air breth a céle  
is dó do fheith a hoighe  
suil re seirc d'fhaghail uaidhe  
gabhail nuaidhe air beirt mBoinde.
8. Maghnus ní cian o a cabair  
ag triall cabra gach cinidh  
ní gnath sín gan triall turuidh  
cubhuidh triall righ co righin.
9. Nir trath moille do Maghnus  
cach na coinne re clemnus  
ní mor nar an na ainmhes  
lór d'aidhness damh a ndernus.
10. An rath dob árus d'Eimher  
ata ar Maghnus ga maidheam  
gé ata sin issí aenar  
ní baeghal fhir í acht d'ainfer.
11. Rucadh breth broide ar Banbha  
broid ó nach maith a menma  
atá a-muigh dil na dimgha  
bidhba righ a tfoigh Temra.
12. Gé ata ag Gallaið a ngeimhil  
nir labair ré a lán d'feruib  
is mor an cuid dá cabair  
glor Danair ní tuig Temair.
13. Tainic scel ar Magn Medhba  
ní scel do scar gan dogra  
gan guth don tí dá tarla  
do bi Banba a cruth comdha.
14. Mac Airt 'ga raibhe an righe,  
ga cairt ar baili as buaine,  
a ceird os cinn a celi  
Eiri sa seilg d'Fhinn uaidhe.

15. Dairi Donn fa tenn tinoil  
an fonn do geall do gabhail  
do nocht se a run da radoig  
fa túr anéoidh e d'fhaghail.
16. Gairm sluaigh uad in gach enfonn  
dobud túar loin is laideng  
nocor buail fa fhonn Erenn  
leibhenn long uaidh ar aibell (?).
17. Cuiris faf ar Finntrag bfoithrib (?)  
dí ni himlan da aithrib  
soillsi a beol crann do chrithrib  
sirthir ann an t-eol aithnid.
18. Focrais Finn cath dár cinn-ne  
ga cath don dreim ba doilghe  
brat do-coidh ar ar cuimne  
mac Muirne cor fhóir oirne.
19. Fian Finn ar ndíth a dáine  
sa crich os cind na traighe  
maith saith a crich re celi  
flaith na féine ar ndíth Daire.
20. Gor cuir d'Eirinn a homun  
re guin d'Eirinn do fhuirig  
toisc na sluagh ag súr calaid  
Danair uadh ar cul cuiridh.
21. Tussa an Finn as find dúinne  
gen co tú Finn na féine  
ní hainm duid ri gan righe  
do cuid tire as hí Eri.
22. Cosnam caigh d'fhiachaib oruib  
cain ma farrair na aghaid  
a n-ic Clair Fhiachaig d'fhadhuil  
cabair caigh d'fhiachuib oruib.

23. Cath re t'adhaidh gá fhasstad  
na gab agaib fat aister  
atai d'urraid ré a fhostad  
coscar lai Mullaig Maisten.
24. Easbaid Goill ó gleo an Mullaig  
ód roinn sa gleo ar an Gallfhuil  
ar breth do clu leo al-longaib  
tu d'urraid sa gleo ar Galluib.
25. Foillsig do menma a Maghnuis  
cuimnig Teamra gan tegdhois  
áit do sen as i at ingnais  
cidh far dingbais dí a ndernais.
26. Cuimnig beith dí 'god dainib  
cuimnig deich righ dod righfhuil  
fuair fa mian tu don tanaidh  
cru Dalaig riamh 'na righaib.
27. Fech re cách an cain cubhaid  
an cain a trath a tabhaig  
Fonn Da Thi a trath a tilid  
dligid si cach do cabhair.
28. Rath Teamra gan triall einfhir  
do menma riamh 'con righain  
do clecht a dín dod dainib  
sailid techt righ o righaibh.
29. Conall romaib rí an eúigidh  
do tobaigh righe a réicin  
tu an cnu do cin da gecaib  
do medaigh sin clu an ceidfhir.
30. Deich rig do Cinel Conuill  
dobi sa raiber remhainn  
na bid ac taccra am cuid Conuill  
molaim duid accra h'fheruinn.

31. Trath ba dolta da dunadh  
 Fal is fada o do scailed  
 dar ndóigh as ort do híarradh  
 fadhadh Fail im Gort nGaideal.
32. O atá an tslighe reidh romainn  
 [d]ar bfine 's dar foirinn  
 mithid triall a Tír Conaill  
 sin romhainn fa fadh nOilill.
33. Clann Neill Clann Cathain coimhreidh  
 ar h'faghail is e as innraidh  
 dar n-urad gaid go gelBóinn  
 cáir deghsloig Ulad d'innrain.
34. Sloigh lé na hoirc[h]es anadh  
 na sloig a hoirtther Ulad  
 ina clu ní coir neimseadh  
 deiredh sloig cru na curad.
35. Slog fa coimrtagail cubhaid  
 Oirghiallaigh sa ród remhaib<sup>1</sup>  
 a coir riamh ar Boinn mbilig  
 triall righin doib ní dleghair.
36. Ni biam anullamh d'fhoirinn  
 raGhalluib sa rian romhainn  
 sluagh sin fa clú do-cluinim  
 cuirim lib mar cru Conuill.
37. Dream dinn Anghalaigh uili  
 a nAngaili as i ar slighe  
 is coir a car re roili  
 doib is goiri Magh Midhe.
38. Gaidhil Connacht a Cruachain  
 romhad is righa a-tathar  
 gan cur rib im Ráth Tuathail  
 luathaid cach lib do lathair.

<sup>1</sup> romhaib MS.

39. Sil Tail Sil Cein do comthoil  
lín aigh do léim nach lamthair  
ferrde tú a *tehta* ar hinchuib  
inchuir *tehta* ar crú *Carrthaig*.
40. Tarrngthir lib a muigh Muimnig  
faillsig a fuil ad menmain  
biaidh na clu do Muigh Murbuig  
ullmuig mar sin tu a *Temraig*.
41. O ata ciall ina cuireadh  
a triall ar cach ní ceiliub  
*slúagh* 'gan cóir fiss a *falad*  
scris Danar doib bus deireadh.
42. Fada a suil re Sil nDalaig  
duil a[g] gach mnai na mianaib  
gid eadh do-cuaidh a céimib  
ben Éimhir uair a *hiarraid*.
43. A mes do fuaidh fa fidbaid  
noco fuair an tes turbaid  
scailid sin gfall a *geimhlibh*  
grian *geimrid* os Muigh Murbaig.
44. Glas beoil ar buinne mallglas  
fer a eoil uime a n-ainbfhis  
gan ched do mes fa Magnus  
bec labhrus ess dá aimles.
45. Tearc dan baegal cor cuice  
gan tol acht d'ainfer aice  
ben Da Thí cedh nach credte  
ní bean *bedhte* í a n-aici. Cia.
46. Scailed sí a *crod* am comhól  
dol na scailed dí as degeol  
d'eis scol bu tuaidh do tinál  
*crod Siubhán* uaidh ar aineol.

47. Cuid e d'fhiachaibh na humbla  
dar lé as d'fhiachaibh a hanma  
go haifrinn do bladh berna  
baincenn fedhna ban mBanbha.

48. A crod mar *bud crod* creiche  
don scoil sa mag is muiche  
ag dul daib gach re laithe  
ar mnaib maithe ag cur cluiche.

Cia adeir.

13

**On Maghnus Ua Domhnaill.**

*Fol. 75r.*

GOFRAID MAC AN BAIRD .CC.

1. Minic frith Eri a hEamain  
a dil celi fa comhair  
an tsin ni fhuil na adhaidh  
*gabaid* don fhuil righ roghain.

2. Na tairthe ga lá is lugha  
a haithne ata ga tagha  
ruc sion don righe rogha  
togha rig mine an mara.

3. Terc a medh righ do rigaib  
a gnimh ca ben nar buaidir  
do-ní se le tri triaraib  
ri gan riagail é ar uairib.

4. Fécthar gnath na righ reime  
a gnath ag righ an raibe  
*feichid* uadh re feadh *fledki*  
smual na *sleghi* an *fer faire*.

5. Derg am Boinn crich a cuarta  
do sith co fóill nach fechfa  
fada as bidhba ar iath nEorpa  
*sciath* leonta on himda *écha*.
6. Geall re hechtaib ar fhogadh  
an eng senta do sínedh  
tic na gaith móir a maidhem  
*scailed* sroill maith an míled.
7. An feadh adras don omna  
do lean Maghnus a menma  
bec doib a fuidhel faghla  
cuired Samna ar fhóir Emna.
8. Tuc sith ar dul a ndebaid  
a fich ga cor o comhaidh  
dá rab a fhaid na adhaigh  
maraid car áidh da fhoghaib.
9. Coill is blath ingnæd uirre  
an fidbad san ath imme  
fa dín da crann don coille  
coinde cland righ do-rinde.
10. Do lín Fond Eamhna d'úaman  
a menma is tonn gan tragadh  
ní he nach buaidh do-beradh  
fegadh se d'uaim a *áladh*.
11. Becc laprus an tan tarla  
fa Maghnus ac cur comdha  
an fedh do bai sa mberna  
a menma ar mnai is fer foghla.
12. Seol a scáithe do sgailled  
eol na gaeithe co ngebaid  
icaid meoir le mnaib míled  
sinedh seoil narb ail d'fhogad.

13. Gabaid fa ghel na gruaide  
 an fedh maraid a maine  
 guais co mbladh na buain beime  
 riar cleri fhuair an t-aide.
14. Cia da daimh fer nach fuighe  
 gach *fledh* as ail re hibhe  
 fechaid se buaidh an *bleidi*  
 ge be heile fuair fili.
15. Geba an geall do gab Guaire  
 is gell re *bladh* a braige  
 rachtain ass gan boing mbeime  
 glas ot fheli ar doirr ndaime.
16. Do *chrod* nír f[h]eith a n-oíridh  
 gan dol ó do dreich naraig  
 o fuair ar mhar dot maínib  
 fagh ón aídih uaim h'álaidh.
17. Baidh le rigmnaib do riaghail  
 sirdhail a ngraidh ad gnimaib  
 do brigh an clu do-cualaidh  
 do fhuaraigh tú am righ righain.
18. An bert le cach ag cungnam  
 ní bert gan f[h]ath do himradh  
 sul do nocht h'fhearg a hadbar  
 cealg mallbhan ort do hinnlad.
19. La duit a n-ádh at fheinnidh  
 an la 'gud reic os rigaib  
 aighte cliar ar cru nDaluig  
 taraidh tú a riar do rigain.
20. A ngliaidh an taeb da tiucfa  
 sa raen na diaidh nír dolta  
 cuirter lib go ham n-echtra  
 do tigh leabtha na crann corcra.



21. Mas cairt duid ar cro Connla  
a troid as mo do menma  
suil do righ nar ben Banba  
fer fagla dib da nderna.
22. Doigh éra dib nach dingnad  
a scela a tír mar toghlad  
t' fhian am noin a n-fath fhagladh  
ar snadmhadh sciath n-oir d'fhogmar.
23. Nach doibh scailed do scela  
scailed do toir na tana  
h'aithne do cach nir cora  
trath nona a haithli an agha.
24. Tuctha seal do Tigh Teamra  
mar do-bir gach fer fogla  
fassaid cnú na cnoib imdha  
dingna tú ar bloigh don Banbha.
25. Leat tír Da Thi do tileadh  
na bidh an drai go deibed  
sreb na suan ag reic roghan  
molad druadh deit a-deired.
26. Sreab dar gar a fer faire  
is fled nar an gan íbe  
duais do bud lor uair eli  
fat'ól sreibe fuair file.
27. 'Gon dingna ar luaid O Luigdech  
a dirma sluatg bud siublach  
ge gerr co lá a licc Teamrach  
ata Bregmach díd dingach.
28. Do bi na hoigh ar úairib  
amoigh do bi re bhfadruib  
ben duit do-coidh a ceimib  
feinnidh bruit óir a hiarruidh.

29. A-mach nír muig a menma  
sa cath as-t[ó]ig co tarla  
ben do bí a cleith 'god comdha  
cobra an sceith dob í a hadbha.
30. Do ben a sith an sengha  
nach frith acht re fedh foghla  
minn *slige* as teg nach tiubra  
bidhba sleg eli an t-omna.
31. Crann sin do fheith dot fheli  
dod *bladh* ag *breith* an baire  
frith do cnuas an croinn tsíde  
duas do-ríne ar doirr ndáimhe.
32. Tarla Tethba<sup>1</sup> dib *dimgach*  
fa sechna do Síil Luigdech  
fili ge toir da *teglach*  
coir Teamrach Mide a Murbech.
33. Imdha am Dail na fed filte  
sa *fled* da gach taib treimpe  
tain bech re *n-idhnaibh* indte  
*cleth* fhille ós *imdhaidh* eillte.
34. Ní leir sreba acht a slechta  
eala dá léin cò lochfa  
dobeir goil fa brúach Berta  
fuath a leabtha ag cnoib corera.
35. Se ag cur an mara a míne  
ina tagha ag cur ceilli  
sriubh tana tre taib Luaidhe  
fala uaidhe ar gaib gréine.
36. Tic a cíoch *alainn* oighe  
ar ámhail a diol dighe  
mór tart a gleó na goili  
lacht oighe ag eó dá ibhe.

<sup>1</sup> tefa *MS.*

37. Do bréc an muir ó maigri  
go muir nar fhech a himli  
ar snim a renn do-roighne  
oigri righ as fherr inmhe. Meinic.
38. Iúl dingnadh righ do-ríne  
do imghabh do dil daime  
gaeth a seol na fert feili  
re techt beime a mbeol baire.
39. Ní le ndingnadh daim ndainidh  
ingnad a dail do deoraid  
a clu do cuir os rigaibh  
do clu ar righain d'fhuil Eogain.
40. Siubhán dot-uc a n-óiridh  
tiughár tuc ara mainib  
do smuain a riar na riagail  
íarraigh féin a uair d'aídhid.
41. Ciall a scaoilid na sgoile  
riar aithed air a haire  
a breth fein co bfhuaire file  
gile a ngruaidh reid ní raibhe.
42. Sith daime a ndeoig a deinmhe  
na deóigh do dháil a hairghe  
na geall caithmhe air F[h]iadh nErne  
cliar d'erge d'aithle a hairmhe.  
Meinic frith.

14

**The Man of Destiny**

*Addressed to Aodh son of Domhnall Og O Domhnaill.*

IN GILLA BRIGDE CEDNA CECINIT.

*Fol. 68v.*

1. Tainic tairngeri na n-erlunh,  
uaisli Fodla ferrde daibh;  
ní cian co foirther a formad,  
fóirfer ar fiadh fonnbhog Fáil.

68

2. Amharus fa fhad co tainic  
ar da thrian ar thairrnger siad,  
briathra na cedbhuiledh creididh  
nir brécnaidhedh eidir iad.
3. Nír chreid Da Thí ar thairrnger Finnen  
Fodla ac Galluip, gnimh nar cheil,  
Goill do thecht a ngoiri Ghaidhel,  
recht oili nar sailedh sin.
4. Berchan tresan mbuili n-orrtherc  
do indes thall, trom an frass,  
tuir do gainedh re tæbh Temrach  
do scailedh Aedh Enghach ass.
5. Tú Aodh Enghach indse Gaidhel  
ghebbhus Erind, ard a nós,  
mar taid Gaidhil re gairm h'anma,  
failidh re t'ainm Banbha bhós.
6. Is tusa ro thairngir Berchan  
sa mbuili tre briathruibh De,  
tú do ghell bel Coluim Chilli,  
fa tren orainn imme é.
7. Comghall Bendchair, Baithin Airthir  
'got fhurógra, a fholt na lub;  
ní becht leam, a Aedh, dot fhóccra  
næmh nachar ghell Fodla fúd.
8. Aithreamhail ar n-erghe mochthrath  
mullach do chinns' us cas hfolt,  
ní terc ad chlobharr ciabh bhuidhe,  
niamh na monann uili ort.
9. Cenel Conuill, cúicedh Almhan,  
uaisli Chonnacht fad cheibh thigh;  
righraidh Chenngus ar lógh laidhe  
enghlas as lór sairi sin.

10. Is enghlus medha amesc fhína  
 enghlus Chonnacht tre clainn Neill ;  
 risin droing sin gebe bhenuis  
 do fhoillsigh se a fheabhas fein.
11. Uaisli Mhumhan, maithe Chonnacht,  
 Cuiscrech glas fad ghruaidh mar shuibh  
 clanna Bhriain o fhinnMhaigh Áine  
 's o Chliaidh *ibhraigh* Mháighe amuigh.
12. Meic Mhurchadha, mílidh Fhodla  
 umad moide mhillfe tír,  
 na sluaigh andess ó Nas Laighen  
 ní fhas thess acht daighfer<sup>1</sup> dibh.
13. Lasair-Fhina, inghen Chathail  
 Chroibhdheirc ar do chúl ata,  
 ben nar tubhadh glor nár<sup>2</sup> ghnathaigh,  
 Mor Mhumhan mathair na mná.
14. Inghen mheic Mhurchadha mathair  
 Mhoiri Mumhan fá mall troigh,  
 a blach ag nách buan ań snechta  
 dual do chách techta do thoigh.
15. Fa Almhain budh eolach romhad  
 righraidh Chualann na corn mbrec ;  
 urlamh bhenaíd ris na bailibh,  
 cunnamh dhleghaid Laighin let.
16. Fir Mhumhan do mhoradh Ghaidhel  
 gebhaid let an la bhus teo,  
 tiucfa co lis Macha is Muimhnigh  
 is racha d'fhis Luimhnigh<sup>3</sup> leo.
17. Uime as tresí tucsad Gaidhil  
 gradh coitchenn dod chnes mar ael ;  
 do chaidribh denus do dhuine  
 feabhus h'aicnidh uile, a Aedh.

<sup>1</sup> *delect MS.* — <sup>2</sup> *supra lin. no d. i.e. dar.* — <sup>3</sup> *Luimnicch MS.*

18. Ní aithen, a Aedh I Dhomhnaill,  
dit mo riar dá rus at phort ;  
is fada on or fhallsa m'aghail'  
lór damhsa dom arail ort.
19. InChuinn ordughudh do righe,  
a ri sulghorm Sleibhe Fuaid,  
dot chomharthaidh, a hI Chathail,  
sobharthain an Achaidh uaid.
20. Talamh, fairrge ag ferthain fhailte,  
esca is grian red ghruaidh mar ros,  
neoil na firmindte 'got fhogra,  
finnlindte na Fodla fos.
21. Ingnadh o uisgedhaibh Fodla  
faihte I Chonaill o Charn Fhraich,  
is beg nach balbh gach sruth sleibhe,  
do mharbh bruth na greine an gæith.
22. Gach doiri ar ndergadh a chaerthann,  
coill ag slechtadh re sin mbailbh,  
na cuill, na droighin, na dresa  
on bhroinigh thruim mesa ag maidhm.
23. Ata ar cromadh gach cræbh dharuch,  
do dhluidh cnuas gach coill nar lecc ;  
ata ar mblodhadh barr gach abhla,  
toradh crann mBanbha ni bec.
24. Gach fidh glas re grein an fhoghmhair  
d'fhedhuibh Banbha, dan binn h'ainm,  
imdha a dairghe arda an fhedha,  
balga a faidhne mela ag maidhm.
25. Ac do righadh, a ri Fodla,  
ferrde Banbha an biseach ruc ;  
bidh let seoid chrai theallaigh Thuathail,  
gnai ar celluibh 's ar tuathaibh tuc.

<sup>1</sup> *supra ltn, no h'anair*

26. Bidh let Muimhnigh amesc Connacht  
im chuirtibh clach chlechtaid gleo;  
dobher duinne a ndath na nglaschlach  
Clach na buinne lassrach leo.
27. Leat Conull ag cunnamh Ghaidhel,  
Goill at agaidh aithnidh daibh;  
druid ort re himresain ngallda  
olc d'fhinnlesuibh arda Ail.
28. Dobhere glicus Gall Erend  
iarraidh do shith o sho amach,  
ar mbuain re h-allmharchaibh fhuicfe  
na ndamhdhabhchaibh cuirte clach.
29. Cindus choiseonus cis Gaidhel  
Goill do leim, ni lag an snaidhm,  
gan beim ort, a Aedh I Dhomhnaill,  
na taebh tocht a h-orlann airm.
30. A Aedh I Ecnechain Uisnigh,  
urchur at lurc ni laimh tóir,  
ni fhech oraibh cach do chnocuibh  
scath romhaibh ni docair doibh.
31. Mor a n-ucht aibhsech a luirigh  
lorc an ghai nach gabhdais uird,  
ingnadh linn line do chleithe,  
mine a cinn as leithe a luirg.
32. Is tu as tresi thairrnges bodha  
da mbi a ndebhaidh re dail fras,  
do chrann ar n-a bhein ad bhidhbhaidh  
ni leir barr a fhidhraidh ass.
33. A Aedh mhic Dhomhnaill I Dhomhnaill  
dena longphort os Loch Rí,  
do ríge ina sidh ni sechmaidh  
dín na síne ar fherthain hi.  
Tainic.

**The Death of Gormflaith.**

GILLE BRIGHDE CECINIT

*Fol. 69<sup>v</sup>.*

1. Testá eochair ghlais Ghaidhel  
fá hÉirinn do heccáinedh,  
budh anbhann doibh greim an ghlais  
is a sheim óir na fhécmháis.
2. Testá eochair a íata  
síth Éirend budh anriata ;  
ó dhul ass nochan fhuair síth  
a glas dochuaidh don choierích.
3. Eochair shithchána shíl Chuinn  
altrom inghine I Dhomhnuill ;  
breith Ghormladha tar sliabh soir  
do íadh comhladha an chocaidh.
4. Dob athair dí an Domhnall thiar,  
tuc a n-aicnedh ar énrían.  
dob oide dí an Domhnall thoir,  
dob í conhlann a cengail.
5. Da mbeidís ar tí tachair,  
a h-oide 's a h-ardathair,  
aghaidh na náidhen do nídh  
scáiledh falaidh<sup>1</sup> na n-airdrigh.
6. Frith lé buar is brat naidhe,  
frith sochar as somháine ;  
a cumha a cenn a soluidh  
err umha ar na hascadhuibh.
7. Ma taid fa chumhaidh a ces  
gach frémh re fuil a cairdes,  
terc adhbhar ríghna nó rígh  
gan irna adhbhul d'imshnímh.

<sup>1</sup> faladh MS.



8. Biaidh a cuidigh dá cumhaidh  
ar clannmhaicne Chonchobhair,  
ar aicme Bhríain biaidh cumha  
's biaidh ar mhaicne Mhurchadha.
9. Conall, Eoghan dár fhoghain  
clann Néill is clann Chonchobhair  
bláth do Ghormlaith gach Gaidhel  
comhdhaith cách da combháimedh.
10. Égcóir imarchor moirne  
fá mhacámh an mhorchoimdhe,  
tecaim nach é ara mbiadh buil  
an té budh mhian do marthain.
11. Saegal dí, ní dáil fhoirbhte,  
do iarraid gach éoidheche,  
a ndligedh uili ni fhuil  
duine do shiredh shaeghail.
12. Gairid bec do bhí a colainn  
macámh clainni caemhChonail,  
do sheal chéillidhe an chridhe  
fedh éndighe is aidhbhsidhe.
13. Ag éco dot agaidh<sup>1</sup> niamhda  
nír shlán acht cúic certbhlíadhna;  
a ríghain óc Mhuaidhe, as moch  
fód na h-uaidhe dot fhloch.
14. Baladh<sup>2</sup> na n-ubhall n-abuidh  
ar an uchtghil n-abhraduibh,  
frith fis baluidh an bhrogha  
ar slis ghaluir Ghormladha.
15. Tres dá buime ac denamh dér,  
tres ag indisin urscél,  
gá medhair budh doilghe dí  
cuimhne a medhair 'gá muime?

<sup>1</sup> adh. MS. — <sup>2</sup> balamh MS.

16. Dealuchadh re a dreich mballaigh  
dighla ar a dernandaibh,  
Gormladh do bhreith ó a buime  
bodhradh dreich a dernuinne.
17. Ni thabhair aphan da h'áidh,  
ni cheis re comhrádh macáimh,  
ni bhí amuigh uirri omhan  
a buime od chluin crithnoghadh.
18. Do báithedh isan mBanbha  
émhacámh a h-innamhla;  
fa béin úraidh slat mar sain<sup>1</sup>  
mac Neill ghlúnduibh re Gormlaidh.
19. Nir bhúail macámh mná eli  
nir thuill osnadh inghine,  
a domhenma ar cách dochím,  
fáth a h-oilemhna ón airdrigh.
20. Asa croidhe nochar chuir  
osnadh inghine Cathail,  
ni chan a dula o dhuine,  
ni bhí acht cumha colluidhe.
21. Inghen inghine Cathail  
is esbuch dá h-ardathair,  
folt maethchaemh gégnoidhe glan  
bæthlæch cédoidhe Cruachan.
22. Ubhall abhla Cruachan Cuinn  
fa úir dhe<i>rg Dhoiri Choluim,  
áidhe caemh a criaidh Dhoiri  
caer chraibhe Briain Bhóroimhe.
23. Ré a fás, cen go fuil ar súil,  
doba Ghráinde dhonn dherccthúir,  
tig sil is tairi is ní thig  
gráinne rígh isin roilig.

<sup>1</sup> sin MS.

24. Banúa Cathail a Cruachain,  
 úa do Mhóir a mínLuachair,  
 úa Móiri Mumhan ní mhair,  
 pudhar budh fhoilli is esbhaidh.
25. Banúa Cathail an chruibh dhuinn,  
 inghean Dhomhnaill í Dhomhnuill,  
 esbhaidh lem<sup>1</sup> an tí thestá  
 assi a cend a cedtesta.  
 Testa eochair.

16

**The Captivity of Niall Garbh.**

TADG ÓG O HIGGIN CECINIT.

*Fol. 72<sup>v</sup>,*

*with variants from YBL. (Facsimile, p. 373 a).*

1. Faillsigh do mhirbhaili, a Mhuiri;  
 maidhemh assad asse ar lón:  
 bidh mo chás ort ina airi<sup>2</sup>;  
 nocht do ghras, a Mhuiri mhór.
2. Tuic féin co fuilim a n-écen<sup>3</sup>;  
 as oirches duid d'fhechain fáil.  
 est rem fhuighell, gidh ole mesi,  
 cluineam ort a treisi atái<sup>4</sup>.
3. Cuimhne an bhraithris bhím do mhaidhimh,  
 a mháthair Isu an fhuil<t> chlæin,  
 ó nach cubhaidh re mac Muiri  
 an cumain lat goire ar ngail?
4. Mall mo fhreccra o righ na n-uili  
 'gom urnaidhe ga fhad bhia;  
 ma tai li<u>m ní mesde ar menma  
 lesce rium da nderna Día.

<sup>1</sup> illum MS. — <sup>2</sup> eri MS., na heire YBL. — <sup>3</sup> a n-eigin YBL. — <sup>4</sup> Quatt.  
 2 and 3 change places in YBL.

5. Rí na ndúl da nderna ar n-eitech,  
iarraim ort, ge ard an céim,  
sinn aræn do dhul fa dhimhdhaidh,  
a shubh cræbh dar fidhbhaidh fen.
6. Gebé itche iarrus mesi  
ar máthair nDé, día do bhail,  
co m'aineamh<sup>1</sup> ar tós a taradh ;  
gidheadh fós ní anabh air.
7. Ní haisce cruidh, cidh créd eli,  
farthar uaim ar herla nocht ;  
ní beite, a mhathair De, a ndiamhair,  
gebe atáthair d'iarraidh ort.
8. Do ghuidhe Chriod tar cend mh'anma  
le m'aicnedh ní hedh budh lór  
ar son Neill Ghairbh muna guidhe  
at ainm fein, a Mhuire mhór.
9. Rit dobheirim, bidh ar heinech,  
a inghean Anna is ard clú,  
tæbh ri s<il><sup>2</sup> Conuill do chobhair,  
toghaim mar mhær thobhaigh thú.
10. Cobhair do righ Rátha Murbhaigh,  
a Mhuiri, a bhuime na mbocht,  
mar do bheinn féini a n-idh farainn  
déine ina sin iarraim ort
11. Ní bheidís Gaidhil Ghuint Bhanbha,  
muna beith cosc a cinn sluaigh,  
ní as sía gan chreidemh dá cheili  
da lecedh Dia Eri dh'úaimh.
12. Gen co frith cendus chlair Fhodla  
a n-enfhecht gá erla bocc<sup>3</sup>,  
do Bhanbha Dá Thí ní thualaing  
rí na damhna an tuaraim tucc.

<sup>1</sup> gu m'anem. — <sup>2</sup> hó YBL. — <sup>3</sup> mbug YBL.

13. Gé mor mbliadhan dobhi a n-ecen<sup>1</sup>  
 inis Banbha, ben Dá Thí,  
 adéradh fen nach fuair doghrainn  
 co buain Neill I Dhomhnaill dhí.
14. Ma rucadh breith na breith letruim  
 ar laechradh Gall am Ghort Floinn,  
 rucadh do bhreith ar íadh<sup>2</sup> nÉreann  
 Niall do bheith a ngeibheann Ghoill.
15. Cedh nach trécfídh a thonn mhenma  
 mac Toirrdhelbhaigh ó ata i llaimb,  
 reimhe sin ger mhór a medhair,  
 do luídh bron ar fheraibh Fhail.  
 Failisigh.

17

The Captivity of Niall Garbh.

*Fol. 72v.*

1. Ole chuimhnighim mo chumann  
 aicnedh muna athchumam,  
 mo chuimhne dochóidh a riucht  
 nach cóir suirghe ré sesiucht.
2. Do dhermaides, a dhaine,  
 ise adhbhar m'écaine,  
 fer cumtha nar chubhaidh lem<sup>3</sup>;  
 cumhain a urchra ós ísell.
3. Na beredh oirbhire ass  
 an lucht cumainn do chlechtus;  
 falla gach duine don druing  
 uili damhsa acht O Domhnuill.
4. Nír neimthresi echt eli,  
 mesi ar mhac mhíc Chobhluighe;  
 gidh tend ar dhuine a dhalta  
 cenn uidhe gach andsachta.

<sup>1</sup> elgin YBL. —<sup>2</sup> íadh YBL. —<sup>3</sup> rium MS.

5. Do fhidir mo dhisli dháib  
sil Eoghain, aicmhe Mhoain,  
sé a cocadh risin dá chlainn  
as mé a cocar í Chonaill.
6. Gá sena, nir dhícheall dhamh  
tuilleadh is teóra bliadhan  
mo chedfher cumainn do chách,  
ecen urraim don anfáth.
7. Gidh suarraidhe in amar so  
do shen at esbal Issó,  
do chuir do sheadh na shena  
cor fher fbuil na aithmhéla.
8. Ná tabhradh O Domhnaill damh  
corub inann sat esbal,  
sidh gan déra do dhonnadh  
séna an righ doronsomar.
9. A ndénaim d'áines co n-ól  
do dhithlath ar mo dhobhrón  
ní ruc mo chroidhe ar cuimhne  
as drud t<0>ighe tabhuirne.
10. A dhobhrón ac breith bisigh  
bidh lé adhbhar d'indisin ;  
gidh í an chumha cheiles nech  
ní lugha bheires bissech.
11. Is aibhind daibh, a dháine,  
da lecther e d'écaine ;  
ní bhí celg isa chraidhe  
doní os aird eolchaire.
12. Ní hé an croidhe as cintach lem<sup>1</sup>  
fam chomhnuidhe a crích Eirend ;  
in fer cumainn lem<sup>2</sup> chroidhe  
co Luannaind do lenfuidhe.

<sup>1</sup> rim MS. — <sup>2</sup> lesin MS.

13. Don Tailcenn ní trath sithimh  
dá fobradh ar fóirithin ;  
ac sin da caemhthach Í Chuinn  
aelchloch agus idh iarúind.
14. Doberthai, gebe eli,  
do mhaidheamh a mhirbhúile,  
an glas-sin ó chill do chill  
lind co taisibh an Tailcinn.
15. Da feta breth do bhúain de,  
mó ar n-accra ar Cholum Chille ;  
issé soin naemh is nesa  
da foil a craebh choibhnesa.
16. O Áth Senaich go Sruibh Broin  
ní fhuil leaba an læidh allaidh  
na náidhe mís, gidh í ann,  
nach bí fa chís do Cholam.
17. Do ghabh air nach gebdaís Goill  
tren choidhche ar cinel Chonoill.  
farír nír chomhaill an cor,  
fá shil Chonoill dochuatar.
18. Is imdha anocht annoir lais  
an mac sin mic mhic Fhergais ;  
on loch-sa laim re Doiri  
osna go traigh Toraidhe.
19. Ata d'anbhúainibh eli  
orra d'eis I Ughaine  
go mbí an tuirrsi ata orrthaibh  
la nach cuirsi ar Conollchaibh.
20. Ní chuirfedh ar cloinn Dalaigh  
ar benadh dá mbengánaibh ;  
co tancus ré trén I Chuinn  
ní rancus fremh ar fuluing.

21. Do thuit on trath do gabhadh,  
ni husaide a fhuascaladh,  
ar cáinne le cuicedh Sreing  
an cuicedh áighe d'Eireind.
22. Do thuit le Mumhain mhic Chon  
cuid mhór eli da fhuascladh ;  
faide an Mhumha ó fhóir Uladh  
lughha as cóir a cronughadh.
23. Mesaim gorub mó ina cion  
do thuit le laechraidh Laighion  
do Níall a cend a comha  
gér go mbíadh an Bhóromha.
24. Ní bhfu ac lomadh do leth Chuinn ;  
dochim do chís í Dhombnuill,  
ní ac dula les gach nduine  
ní bhi í chumha ar croaidhe.
25. Caí a mban isa mbrughadh  
dom thoigh asa fhuasculadh ;  
cith sin as grian 'na ghoiri  
ní uil Níall gan naemhaidhe.
26. Mé mar lachain ar linne  
d'éis a h-eite luáidhilli ;  
tic eite luídh na lachan  
beite súil re slánachadh.
27. Gá fis na fuil ar slighidh  
feichemh aran fóiridhin  
as inmhall í agus gedh eadh  
co tí ní dhingnam deisbheadh.
28. Ní codladh ní duscadh damh  
oidhri Grainne ó do gabhadh ;  
mhesaich sé re docracht dó  
gan é d'fhortacht ón anró.
- Olc chuimhnighim.



## The Death of a Patron.

*Fol. 78<sup>r</sup>.*

GOFRAIDH MAC AN BHAIRD CECINIT.

1. Anois aithnighim m' uabhar  
airighim ar gach n-aeinfhear ;  
Ier chuir sinn d'eol ar m' uabhar  
fuaradh linn deor do dheineamh<sup>1</sup>.
2. Cuimhne ar caei re clainn Dalaigh  
do bhoing an dlaei dom dheraibh,  
ruc se dar nderni a diamhair  
mé ar fhianaibh Erni d'fheghain.
3. Anuim ar uaidh in churaidh  
ni fhaghaim uaim gan anadh ;  
ar techt dom thigh ni thibhar  
m'inadh ar fhert fhir Adhar.
4. A ghul oruind ni fhoirend  
dul I Chonuill ge chaineam ;  
sidh mo dherc nocha denuim  
co feghuim fert righ Railend<sup>2</sup>.
5. Da hol ni fhaghaim croidhe  
da n-anuind ag ol fhledha ;  
m'uain nocha linn da luighe  
sinn na ghoire ar uaidh ele.
6. Cín Seaain ni hail d'iarraidh  
d'eatrain aigh ara fheolfhuil ;  
do shen ma do chuir chanuigh  
fremh Dhaluigh ar fhuil Eoghain.
7. Da fhine ni huair ola  
ar mbuain a mbile dina ;  
fuath fledh 'con fhuilsi Enna  
séla a thuirsi ar fer bfhina.

<sup>1</sup> deanamh MS. — <sup>2</sup> Raighlend MS.

8. D'eis in righ o Raith Oiligh  
in sidh do chach ni cabhair ;  
in fedh nach frith a dheimhin  
ceilidh fer an fhich fhalaidd.
9. A bhoghbhuind duind ni damhthair  
tre mac Domhnuill Duin Chobhthaigh ;  
ara mhéd do ni ar neamhthoil  
derbhthoir eg an ti thorchair.
10. Re a re doich re a fhilidh  
a frith da eis da fhalaidd ;  
mo sheal roimhe is fer fuinidh  
cuiridh fer oile am aghaidh.
11. Truaille mo dherc do dileadh.  
ar n-uainne os fhert an fheinnedh ;  
ge do bhi an uaidh na haenar  
nir haemhadh uaim i d'einfher.
12. Re mac Domhnaill adeirim :  
I Dhomhnuill an tan toghuim  
tu, ar tos ge tú thaghaind,  
taghaim fos tar chru Chonuill.
13. Gloir chaigh do chuir a ndiamhair.  
da bhuil gan dail dom dheraibh ;  
fer do chlecht me 'gud mhaidhimh  
maidhidh se t' fhert 'gam fheghain.
14. Atu ag imthecht 's ag anmmhuin  
gan imthecht is tu ar turbhaidh ;  
turnfaidh se a mair dar menmuin  
me ag lenmhuin ar Maigh<sup>1</sup> Mhurbhaigh.
15. Do bharr bhroin truaigh fhein Uladh  
ar mo cheill dochuaidh teimheal ;  
fada me ar t' fhert ag anadh  
's techt falamh dhe fa dheireadh.

<sup>1</sup> magh *MS.*

16. Dailidh mo dherc deor tuilledh  
ar t' fhert a ndeogh<sup>1</sup> a dhonnaidh ;  
sind ar t' uaigh le gach n-urraidh  
lind gan chumhuigh uain t' ollaimh.
17. Trom cumha caigh im choinne.  
'na ndail ni lugha linne ;  
ni chuir fledh an oigh uirre  
le truime broin b'fher b'Fhinde.
18. Nech o gleoágh fher n-Oiligh  
tre tSheán ni threabh thulaigh ;  
gort gan bhein thall fa thoraidh  
domhain clann Neill o nuraidh<sup>2</sup>.
19. Doilghe duin é ar on Oilill,  
a Dhe, gan an uir oraind ;  
fer m' aithne ann ni fhaghaim  
d' aithle taghail chlann Chonail.
20. Teann as bar n-ucht dob anuail,  
an lucht agarb fherr m' anair ;  
ni bhi oirn a n-uair chomhoil  
d'onoir acht moirn uaibh d'fhaghail.
21. Ceim ar eul leisín cumhaidh  
'con fhein o Dhun an droighin ;  
ar son a mbroin do berair  
modh nach dleghair d' fhoir Oiligh.
22. D' eis laeich Fhemhin is imdha  
a ngeimhil gan mhaeith mhenma ;  
is fiu caei ciall a labhra  
da labhra an chaei im fhiadh Emhna.
23. Tuc ar fer obair ele  
sreabh do thoghaibh a thighe ;  
tainic faei ar tocht don tuile  
gort uidhe laei on line.

<sup>1</sup> deoigh *MS.* — <sup>2</sup> nuraigh *MS.*

24. Nach leir, a thruaigh, a thurchor  
leis in sal fein do folchadh ;  
loch 's a tonna 'na thimchol  
imchor cloch orra d' anfadh.
25. Tuc omhuin ar fer luinge  
sreabh 'na coruibh 'na choindi ;  
fidh nach gar do Ghlinn Fhinde  
in Fhind imme ag car choimme.
26. Locha or Seaain-ne as samhlaidh  
srotha ceoshaile cubhair,  
gebe ti lamh re Lemhuin  
benuidh<sup>1</sup> di clar da cumhaidh<sup>2</sup>.
27. Croinn thoraigh in fhuind iubhraigh  
da mboing ni thabhair thurbhaidh ;  
fuair duine dil a n-adhnaidh  
crin d' abhlaigh Mhuighe Muirbhaigh.
28. Beg sin do dhith an deighfhir,  
crich ni fhuil aga oighir :  
in ri fein ó nach bhfaghair  
gan ni is cabhair d' fhein Oiligh.
29. Dó bhi d' annsa fhir Achla  
dom thigh damsa nár dhulta ;  
gebe ti d' uaigh I Erca  
bar leptha suain hí, a Ulta.
30. Aighe do fholmhaigh raena  
gu comhrag Craibhe Tuama,  
gar a thech d'uaidh I Enna  
nech dobhera in uaimh uadha.
31. In tsuil fein tre fer nIle  
do fher deir naeh da ndeoine ;  
ba chaidh\* cosg caigh da cheli —  
gach rosg feni ag dail deoire.

<sup>1</sup> benuigh *MS.* — <sup>2</sup> cumhaigh *MS.* — <sup>3</sup> caig *MS.*

32. Ni dhechaidh me is ni mhairim  
d' esbhaidh an te do thoghaind ;  
medh in righ and ni fhuighind ;  
sguirim do rimh chlann Conaill.
33. Ni ragha i n-uaidh da aire,  
a h-uain ga fagha file?  
ge tenn is e re 'roile,  
me ag loighi a cenn an chr<o>idhe.
34. Eigen orruim d' fhuil Eoghain  
fuil Chonuill o nach caomhain ;  
buain a righ do fhreimh Dhaluigh  
tarraidh sil Neill da naomhaibh.
35. Ni fhuair a chridhe ar cula  
file don uaidh dan fhaomha ;  
is nesa doibh a ndera  
sgela tsloigh Esa Aodha.
36. Righe ar cach do budh chosmhail  
'gar righ-ne a trath a thuisimh ;  
gin co dibh fen in fer sin  
is esbhaidh righ d'fhein Uisnigh.
37. Tre gleoagh na bhfer bhfaghla  
Seaan do mher mo mhenma ;  
muna lenta ar fhuil m' abhra  
falmha ar nderca im thuir Temra.
38. Prap ar comhroind a chana  
tre mac nDomhnaill ar ndera,  
moidi ar mbron tre tuir Tuama,  
glor a Cuala d'fhuil Enna.

Anois.

**Colum Cille is still powerful.***Fol. 73<sup>r</sup>.***DIARMAID O CLEIRIG CECINIT.**

1. Maruid fós ferta Coluim  
liaide da lucht uradhuill ;  
la ara chumachta ní chuir  
mar tá a n-udhachta an erlainmh.
2. Tuicedh gach nech anoisi  
Colum cend na heclaisi,  
mar ghabhaid og á ghuidhe  
co maraid a mhirbhúili.
3. Ní anaid ac breith bhisigh  
ferta an Choluim Chillesin,  
gach nech fá Eri do ac dul  
remhe nachar mhó a mhirbhul.
4. Ar Colum dochuaidh a fad  
ní fhuil litir da laghad  
nar scoiletar na scola  
d'fhoircetal an erlomha.
5. Cumhachta Coluim Chille  
ní hinnamhail aislinge ;  
is tendta ass, a Ulta,  
glas cerdcha na cumhachta.
6. D'ar cabhair anúas do nimh  
drithli chumhachta in chlerigh  
romhainn as am dá adhaint  
clann Chonuill a cuntabhairt.
7. Ré a chineadh ní chuirfe a dhruim,  
foirfe ar cinel Conuill,  
a ghæil is doib is deisi,  
as cóir tæbh ré tairesi.

8. Guidhe Choluim tar a chenn,  
gebé eli nach éstend,  
fuair a chert o reimh remhe  
do thecht Neill as næmhoidhe.
9. Re teacht an trath bhus mhithidh  
mac Feilim d'ar fóirithin  
cidh nach gell guidhe Choluim,  
cend uidhe gach urodhail?
10. A fhad uainn gidh aidhbhsech lind  
dobhera an ri 'na fhrithing,  
ga dás, orainn na eri  
gras ar Coluim Chillene.
11. Cael a laimhe a leabaidh ghlais,  
nocho tarla do tubais,  
ní frith uaidh gan ched Coluim,  
ge madh bec uain urodhuill.
12. A feacmais oidhir Ghráinde  
ní hingnadh damh dermhaire,  
nocha ghabh aga oili  
fada le fer furnoidhe.
13. Osé fhoires ar Ultaibh  
guidhe Choluim chumhachtaigh,  
sinn ón cassa go cuireadh,  
rinn a ghrasa geruidhedh.
14. Fá itche ní erfa me  
bec d'enech Choluim Chille,  
is gan me dó mar dhlighim  
an té as mó asa muinidhim.
15. Colum Cille, echt oili,  
do mhac airdrigh Osroidhe,  
nocha decra a n-iaraim air,  
leaptha iarainn do fhoscail.

16. Damh as córa techt tairsi,  
ni bháithfe mé an mirbuilsi,  
ar mo chumha osé a inadh  
cuma me dá mhíniughadh.
17. Aedh mac Ainmirech nír an,  
ni beite ag techt na thimchal,  
ger scel doilig, uair eli  
go fuair oidhir Osroidhe.
18. Mac Cind-fhælaídh nár ér scoil  
d'Aedh a shamlaidh do aentaigh  
ar coraidhecht mo chumha  
tre fholaidhecht eturra.
19. An cor do cengladh reimhe  
ider Aedh is Osroidhe,  
más fir nír chomhail an cor  
do brigh Choluim dá chengol.
20. Tainic erlamh Indse Fail  
a hAlbain d'iarraidh Scannlain ;  
a tír mar dochuaidh Colum  
ón righ ni fuair urodhall.
21. Coraidhecht Choluim Chille,  
ga dú, isse a fhírinne,  
Aedh fan mbraghaid ge do bhladh  
don næmh tainec a thernamh.
22. Tainec ar an ri remhe  
croidhe ar Coluim Chilline ;  
córa a thecht<a>, ar Niall, anos,  
gach elta ag díall ré duthchos.
23. Ge mór decair gach duine  
fá ghlas ar géic Bhóraitmhe,  
dar liumsa is damh is decra  
do bhlagh innsma mh'aigenta.



24. Nech eli ní fhuil a mbroid  
 ós dá chosaid re caroid,  
 do cós fúinn tar gach filidh,  
 acht suil fós ré fóiridhin.
25. Ge ghabhmaid ní gabthar ruinn  
 gael ar ngabail í Dhomhnuill,  
 ader, noco tí da thoigh,  
 ní bhí tren ris nach teoir.
26. An chedscel do chuala me  
 uadh ar n-iadhadh a ghemhle  
 ní damhadh ac na deraibh  
 anadh ris na hathscelaibh.
27. Ar ngabhail ní guth lind  
 gairi do thaem da taighlín  
 ní fhuair me cead on craidhe,  
 ge bec é dár n-urchraine.
28. Ní do bhunadh bhis astoigh  
 córaide cosc don cumhuidh;  
 a mhna ata ag tenmne  
 feгаidh mar tá ar toirchemne.
29. Docíther damh, dia do rath,  
 an tamall ata a n-iarnach,  
 me aræn 7 ri Almhan  
 do thæm Da Thi ar tindabhradh.
30. Luath ar exhib indse Cuind  
 as gach aird d'fhis í Dhomhnuill  
 tue leim Gaidhel do Ghalluibh,  
 réir aighedh ar echtranduibh,
31. An siubhal ler sailedh si<o>nn  
 do ghabhail ghiall na hEri<o>nn  
 dochuaidh suil isan siubhal  
 dúin ní huair dá aithniughadh.

32. Do bhídh re mbarradh a nglais,  
d'Erind as truagh an tubais,  
marbhán cosmail re clar Chuinn  
lamh risin orsain aguinn.
33. An tacra do Mhuidh Mhidhe  
gé atá uili ag ainfine  
seal becc re ngáinedh a nglais  
gan ched Gaidhel ni ghebdais.
34. D'eis Gaidhel do ghabhail linn  
do thabairt aighthe ar Erinn  
faghaibh gor hescradh O hAirt  
samhail don escor orrdhairc.
35. Aghaidh Bhanbha do bhi rinn  
noco tainec in toirrchim ;  
gach nert go heigean gidh eadh  
ni heidear<sup>1</sup> techt na thimchel.
36. Colum as lór da lenmhain  
ticc amach mac Toirrdhelbhaigh  
cúig righ ag techt dá thogha  
do bhrigh fhert an erlomha.

Maraid fós.

20

The Death of Niall Garbh Ua Domhnaill.

Fol. 73r.

1. Ní deora meisi a Manainn,  
mé este ní hintadhaill ;  
do ghabh baidh re Manainn me,  
dot ghradh anaim, a Éri.
2. Ní denta deoraidhecht de  
cuairt Manann tré mac Grainne ;  
o testa and righ sa tir thoir  
donim festa dí dúthaigh.

<sup>1</sup> heidir MS.

3. San oilen ar hoileadh Lugh  
d'fhis I Dhomhnaill da ndechur,  
ar faicsin a fherta and  
ni hechtra a n-aiscidh agam.
4. Dá tecmhadh damhsa dul soir  
ar cuairt co hEamhain Abhlaigh  
dá faghbha an croidhe mo ched  
Banbha ni fhuighe mh'aisec.
5. Bhenfadh deoir a cuirr chroidhe  
faicsin Eamhna Abhlaidhe ;  
ni choisc derc le deraibh fein  
ar techt d'fheghain an oiléin.
6. Leaba ac læch Locha Gili  
fá úir tíri tairrngiri,  
leth na leabtha masa linn,  
nir mheth ar n-echtra a hErind.
7. Do dhul do Mhanainn mhic Lir,  
truagh gan mesi, a Dhé dhuiligh,  
a richt eoin da henaibh fein  
do dhénaimh eoil an oiléin.
8. Na tolcha ara faca in fer  
uatha ní fhuighinn mh'aicnedh ;  
dul co Manainn ge mian linn,  
ac Níall anaim a n-Erinn.
9. Ni he corab imláid scel  
shailim d'fhaghail ón oilen ;  
barc<sup>1</sup> sa tírse mar do thicc  
bímsi ar an tracht ó tainic.
10. A cluin sinn tar an sáili  
damh ní damhna luthghaire,  
cuairt soirEmhain ge saimh lem<sup>2</sup>  
laimh re hoireruibh Ereann<sup>3</sup>

<sup>1</sup> barcsa MS. — <sup>2</sup> linn MS. — <sup>3</sup> Erinn MS

11. Les na techta ticc alle  
gan aithris d'eis a cheli  
rinn do chuir<sup>1</sup> ar a chumhaidh  
a cluin sinn a Saxanaibh.
12. Ni cumha dingbhala damh  
deóra no duthracht chumhadh,  
é d'ecc 's can eg dá fhili —  
a Dhe, créd fá creidfidhe?
13. Tri an enoidhche ni fhed mesi  
do chodladh on chroidhesi,  
ni fhuighe oidhche is ussa  
coidhche an croidhe cednusa.
14. Do caithedh le m'fheoil is m'fhuil  
cumha righ Ratha Murbhuigh ;  
do ghabh an chrithir chumhadh  
ler mithidh damh delughadh.
15. Deór and ma do fhagaibh me  
ni frith a ched on chroidhe,  
ac an rosc da rabh fuighell  
cose damh nocha deonuighenn.
16. Ni lecin cumha na cenn  
na tuirsi, truagh an dichell,  
cumhaí a cend chumhadh eli  
cumhan lem co leicfidhe.
17. Toirre beoil nach bí fam thuinn  
dom onóir óm fher chumainn  
doni ar comharsa cumhaidh  
orumsa mar arudhain.
18. Ni hingnadh, cén ce ndech dim,  
mo thuirsi d'eis an airdrigh,  
mé 'com chradh ag a chumhaidh,  
is e slán a Saxanaibh<sup>2</sup>.

<sup>1</sup> cor MS. — <sup>2</sup> Saxanuib MS.

19. Do gelladh leo, fa luadh ráidh,  
Níall re fhuascaladh d'fhaghail ;  
truagh é, a Choimdhe, do chreideadh  
se oirne o do haisecedh.
20. Ar andsacht fhuaslaicthe an fhir,  
ga dám, acht tucsad Gaidhil  
fuath do roighnibh cuaich cengail  
fuath d'fhoirnibh 7 d'fhidhchellaib.
21. Ní raibhe tarbha a tinoil  
ar gell aicme Erimhoin,  
mar bhis crand ar tí tuitme  
do bhí a n-am a fhuasluicthe.
22. Ar faemhadh I Dhomhnaill dhaibh  
do dherbh techtaire a thestáil,  
d'eis leighis orchra Uladh  
beris orrtha an t-urdhubhadh.
23. Ar gelladh ass, uch do chor,  
ger traghadh d'innmhus Uladh  
suail na tuctha as a taisibh  
uaibh, a Ulta, an t-innmhus-sin.
24. Doirbh libh, a laechraidh Dhanar,  
a dhul d'ec gan fhuascaladh,  
mór do fholaidh dom urchra  
bron oraibh, a allmhurcha.
25. Rí da tesda riamh remhe  
go bás Cuinn no Conaire,  
nir chuir orrtha, 's nirbh inchuir,  
a fuil d'orchra ar Erinncuibh.
26. Tuitim ar deoraidhecht dó  
moide orainn a fargnó ;  
cumha Neill riamh ní raibhe  
fa Níall sa réim righraidhe.

27. Fa Niall reimhe do thuit thoir  
do fhuair Banbha, ben Fhindtoin,  
dís as chosmhail dochuaidh di  
san orsain do fhuair Éri.
28. Niall Naighiallach, ní nert min,  
tochrais soirEmain sluaigigh ;  
feidhm ag Niall ar nai nglasaibh  
do bhái ag triall sa turus-sain<sup>1</sup>.
29. Saxa 7 Alba, mas fír,  
do gheabh sé, fa sen airdrígh,  
ri Érend an uair do thuit  
ic buain eneng a hEoruip.
30. Ag muir n-Icht ní anfadh sin  
muna dernta é d'oighidh,  
cor faí re Niall do budh náir  
ar son nai ngiall do ghabhail.
31. Fer ar n-innarba uaidh fein,  
Eochaidh mac Enna a ainm-sein,  
dochuaidh da fhaicsin gan fhis,  
fuair a n-aiscidh a aithius.
32. Ri Teamhra noco torchair  
le hEochaidh d'agh énurchair,  
folchair ar an flaith an fer  
gor chaith orchar ós iseal.
33. Inis Fail ina fiadhain  
don bás sin Neill Naighiallaigh ;  
an creidhim as neša anall  
mesa ag Eirind a fhulang.
34. Toisc Neill Ghairbh a cenn a cend  
is cuairt Neill na nai ngebhenn ;  
an toisc is degheña dibh  
do loisc Erencha d'imshnimh.

<sup>1</sup> sin MS.

35. Inann ainm, inann mianuch  
do-so 's do Niall Naighiallach,  
an rí ar chumhaidh na chumaidh  
cubhaidh don tí tarrumair.
36. Fer<sup>1</sup> a inaidh do chlainn Chuinn  
ní fuighte a ndiaidh I Dhomhnuill ;  
doilge an Niall derinech de  
no a ghenelech riamh remhe.
37. Bás mic Thoirrdheibhaigh tuc dúnn  
ar coic cialla<sup>2</sup> do chlæchlúgh,  
an la as truime mo thuisri  
uirri ata mo tharcuisne.

Ni deora.

21

To Hugh O'Donnell, son of Niall Garbh.

*Fol. 76<sup>r</sup>.*

O DALAIG BREITHFNE J. SEAN CECINIT

1. Cia rer fuirghedh feis Teamhra  
ar claochlogh a cedmheadhra ?  
mithidh ri a tulaigh an Trir,  
nír chubhaidh hi gan airdrigh.
2. In bhfuil cabhair ina cend ?  
fada aontoma Eirend.  
fiafruigh do Thoigh na Tri bhFear  
ga rí re foil ag feicheamh.
3. Inis Fail na fidh toruidh  
cuich an flaith, an fedabhair,  
d'uaislibh Gaoidhel da tuc thoil ?  
ga haoinfhear ruc do roghain ?

<sup>1</sup> Feruidh *MS.* — <sup>2</sup> ciall *MS.*

4. Cia an ri do righraidh bhfear Fail  
budh fearr le hEirind d' fhaghail,  
da tuctha a rogha dibh di,  
a togha righ don rìghe?
5. In forlann a fuil Teamhair  
nach urusa d'òileamhain,  
do bhraithfinn, gidh be len holc,  
an te aithnim da hurtacht.
6. Leghthor a leabhraibh ar sen,  
tuicthear a fis ar faidhedh —  
do dhaingnigh Dia in faidh fire —  
cia danab ail in airdrighe.
7. Aodh O Domhnaill dhingnius cath,  
ris do fuirghedh feiss Temrach ;  
ar mbuain celle do chabhair  
Eiri uaidh le henroghain.
8. Feiss i nach inchurtha a bhfad,  
celi nach coir do dhermhad,  
rogha tshlóigh ghegmhara Ghreg,  
cedragha is coir do choimed.
9. Bidh ar cuimhne ag ceibh na ngleann  
ar ghabh oirechus Eireann,  
da braithlis co Niall anond  
ni bhiam d'aithris a n-anmond.
10. Os a ceann do chuala me  
deich righ da rainig Eri,  
lubhghort gece a caomhbhrogh Chuinn,  
in t-aonmodh deg O Domhnuill.
11. Ar teccusce da thrilis loig —  
dual comhairle do charoid —  
cuimhnigh t'fhine d'uaim Banbha,  
dlighe uaim dot athardha.



12. Cuig tighearna ata os a ceann,  
cuig ronna ar inis Eireann ;  
Inis Fail a ri adrulla,  
nair is gan hi ag enurra.
13. Cuig righ uaisle Innsi Fail  
ataid re toirchill d'enlaimh,  
gan righ dibh ag righe ribh  
is dibh dlighe do dhuthaigh.
14. Ri Uladh na n-iath solus  
ni hinchuirthe a n-amharus ;  
dobhera se a lamh ad laimh  
gidh be len b'ál<sup>1</sup> gan t' anair.
15. A thoirmesc ni budh thualaing,  
fasuigh menma, a mhorluaghuill ;  
tiucfaid Laighin a leith ribh,  
beith at aighidh ni heidir.
16. Righradh Mhumhan mic Dhaire  
do chomhall a cedbhaidhe  
esgaidh ri Mumhan amuigh,  
do bhi umhal gan iarraidh.
17. Ri Connacht an chuain saltaigh  
chugad leis na cedtechaibh,  
a chain, mar adera, duid,  
ad laimh dobhera a bhraghuid.
18. Fuaruis a n-umhla, a fholt tiugh ;  
ni fhuil ag uaislibh Gaoidhel  
acht Ri Teamhra ribh do radh,  
a menma sin ar sithlagh.
19. Tu an ri re roibhe a h-aire,  
tu a blath do bhi a tarrngaire.  
Cuin gheabha in choroin fad cheann  
gur mheala onoir Eireann ?

<sup>1</sup> lenabál MS.

20. Ni bhia ad diaigh, a dhreach nar,  
ni rabh ag ri riamh romhad  
mur ta Gort Logha red lind —  
a fhola ort ag Eirind.
21. Tairthe flatha ar a fedhaibh,  
iasc airdrigh na h-indbhearabh,  
ar a druim is mine muir,  
re righe Cuinn is casmhuil.
22. Gan tuinn do thadhall a tragh,  
ar locha, ar n-aibhne, ar n-ealadh ;  
gur bhen grianbhuse righ rind  
bidh a fhiadhnuse ar Eirind.
23. Mogenuir d'Eirinn fuair flaith  
nach bhfuair 's nach bhfuighe a chommaith ;  
Mur Da Thi — is mana Mumha —  
ni bhi acht tagha tighearna.
24. Eist uaim, a errla sgathach,  
tallann ar Cond Cedchathach,  
an flaith is ibh<sup>1</sup> a aithchin,  
a mhaith sin ni saraighthir.
25. Mogh<sup>2</sup> Nuadhat do chuir na chend  
timcholl oirechuis Eirend  
gairm da righ gurbh eiccen ann,  
sidh nachar bh'aidir d'fhulang.
26. La cath, a Chomde nimhe,  
gabthur aca d'airithe  
a Magh Lena, a fhlaith Uladh,  
sgeala is mhaith re a mheabhrughad.
27. An cath ni chuireabh a bhfad ;  
tar marbhadh Mogha Nuadhad,  
do laimh Chuind do fhuair a oighidh,  
uain an fhuind gan enoidhir.

<sup>1</sup> sibh MS. — <sup>2</sup> Modh MS.

28. Cond Cedchathach na ced trod  
d'eis marbhtha Mogha Nuadhad  
fa leis fein uile an t-Achadh,  
a leim luighe ar lethnachadh,
29. Tu is enoidhri a n-inadh Chuind  
againd, a Aedh I Dhomhnuill ;  
bera tu ar airdrigh Eireann  
d'fhairbhrigh do chlu caithreimeand.
30. O Domhnaill, a dhreach cundia,  
dot indarba as t'athardha  
tainic bas an deidhfhir de  
ar bhfas t'einigh is t' uaisle.
31. Goirid cor bhenuis da mbun  
clann Nechtain d'eis a n-athar ;  
nir bh'ionond sen doibh is deit,  
a len dochoidh a comhleic.
32. Toirrdhelbach Cairbrech, ceim aigh,  
do thoillis gnæi ara ghabhail  
narbh infhedhma e o shin  
's e 'na thighearna an traithsin.
33. D'eis na ngnimh sin druim ar druim  
do ghabh tusa tir Conuill ;  
in choir dochuaidh 'na h-inadh  
do choir uaibh ar aitiughadh.
34. Do ghabhuis, a ghruadh mar fhion,  
Caislen Sligigh, sen airdriogh,  
nachar gabhadh riamh romhuibh,  
srian t'fhaghal gan aradhuin.
35. Caislen na Drobhaoise duit,  
a Aedh na n-aithes comhrúic,  
ní coimhelta gleic red ghnæi,  
doighenta deit a ndentæi.

36. Don luaighill chedna, a chruth tais,  
Caislen na Finde fuaruis,  
narbh fherr an sen fhuair th'athair,  
do thren uaidh ar Uiltachaibh.
37. Leor let fein a bhfuil dod smacht,  
a Aedh, ar ichtar Chonnacht,  
toil Chairbrech an breth fa mbi  
madh ainbreth an breth bertæi.
38. Cenel Eoghain do leim libh,  
bairé nach bia gan airimh ;  
thiar nachar dheera do dhiol  
do thriall dob echtra airdrigh.
39. Daingen nar thualaing techt ris  
Lagan Uladh do airgis —  
mairg nar umhal re t'aghaidh —  
aird Uladh co riarabhair.
40. Ibh Echach ar techt astech  
ad chaithreim, a chruth fhæiltech,  
tu fa ghnæi o thuind co tuind  
atæi fa chlu o chumwim.
41. Nir fhagbhuis boin, a bharr tais,  
a Aedh I Dhombnaill Dhrulais,  
o Chlochar co cuan Dheirge,  
buan dochar do dhibbfheirge.
42. Tareis a mbo do bhreith lat  
a comhtha ga cur chugad,  
tabhach o shin nir tsiris,  
fir Mhanach do mhinighis.
43. Breifhne I Ruairc, a ri Bernais,  
o laochraidh do fhlaithiumhnais  
Daingen Chonnacht, mas si soin,  
atchondarc hi gan enbhoin.

44. Dobhris tu Cloch a Craebh Mhis,  
do loiscis hi, do airgis ;  
adhmaire ina gach echtra  
sa nAnghaile t' imthechta.
45. Tu ag imthecht iarthoir Mhidhe  
'ga h-aisdri dob airmhidhe  
eider iathmhuighe is fhoithribh  
a n-iarrfuighe ardoighthir.
46. Caislen Dealbhna fadoigher  
gerbh imchian a innsoidhedh,  
Delbhna do thimchill tusa,  
inchind fhedna in echtrasa.
47. Do ghabh tu cud t'athar ris,  
Cairbre Laighen, 's do loiscis,  
gnimh asa techta thoruibh,  
echtra righ do ronabhair.
48. Leomhan sud ar cruas croidhe  
is nathair ar neimhnighe ;  
t'fhedhuin ar moille na mnaib  
tre fedhuibh Cloinne Colmain.
49. Ni he so amhain, da maire,  
bar sealga fan Sradbhaile,  
dorinde tu dethaigh de  
do bhethaigh do chlu choidhche.
50. Congall ni bu leor libh  
a n-eruc h'athar d'oighidh,  
a fuair Lugh a cumhuil Chein  
cubhuidh a chur ad chaithreim.
51. Gach aithes dar imthigh ort  
ag imthech uachtair Chonnacht  
terc tuaraim don tuile cen,  
ni tualuing uile in airemh.

52. Da sirinn o mhuir co muir  
cuic cuicidh Chriche Findtuin  
ni bhi gan t'eclusa air  
acht eclusa no ollaimh.
53. Crich ar do chaithreim do chur  
ni fhuil acht airemh reltan,  
co ndernar duille na fedh  
gan t'engnamh uile d'airemh.
54. Ni fhuil coscur nar chuiris  
na cuigedh nar chennsuighis ;  
tu fa chlu feil is fedhma ;  
Eri, budh tu a tigherna.
55. A mhic fhindghualnigh Fhoid Bhregh,  
a mhic Neill Tulcha Tailten,  
coir sgath re sgelaibh t'aicme,  
gebaidh cach do chomairci.  
C. I. A. rer fuirghedh feis Teamhrach.
56. Inghean I Bhriain bhronndus or  
feis nach tualaing do chlæchlodh,  
do fhed a maith a mholadh  
med a caith in cualabhar ?
57. Ni fuighthear, ni frith a geall,  
a maithes os mnaibh Eireann,  
fer cumaind gach duine di,  
a n-urruim uile aici.

C. I. A.

22

**The Death of Grainne (A. D. 1551 FM.)**

CU ULAD (MAC CONCHOBHAIR) MAC AN BHAIRD CECINIT.

*Fol. 77v.*

1. Fuigheall formaid fuil Daluigh,  
tnuth da mbuain na mbenganaibh ;  
do chronaigh suil eigin ind,  
an tnudh ni heidir d' fhaichill.

2. Ar tsiol gConaill—cia nach tuig?—  
diombuan gach fuigheall formuid ;  
teid funn' mór thrath da thoigheacht,  
gnath an tnuadh 'nar dtoraigheacht.
3. O tsiol gCuind, as creite damh,  
an tnuadh go dteid a ndochar ;  
lor a mhed do derbadh dhaibh,  
feg<sup>a</sup> a ndernadh da ndioghbháil.
4. Cnu mhullaigh ogbhan Uladh  
moch do cuas da cronughadh ;  
gerr gomadh ré imlan i  
a hiomradh le da leigthe.
5. Goirid bhios gach tuile ag teacht,  
luath do eirigh a hoirbhert ;  
a oige do bhi an bhen soin  
as moide i dh' uireasbhuidh.
6. Bláth a lamh tareis Ghrainde  
dochím nach cúis luathghaire ;  
an blath go mbi 'na thoradh  
ag cach ní bhi a bhrethnughadh.
7. Tesda a dtosach a ratha  
inghen rioghna as rioghfhilatha,  
rébla ban oirir Eamhna,  
doiligh cor na cindeamhna.
8. Da mbeith in fhir ar fhéchain  
crioch Bhanbha do bhuidhéradh ;  
beg nách reidhe dun a dal<sup>b</sup>  
Eire ag tnuadh ina tiomchal.
9. As crobhaing gan chnaoi mhullaigh  
mna oga an Chlair Chonuillaigh ;  
mairg tug a thréd fa thogha,  
rug an t-ég an enrogha.

<sup>a</sup> fuinn MS. — <sup>b</sup> fech MS. — <sup>c</sup> dol MS.

10. Do bhadar Gaoidhil 'na gíoll  
sed buadha oghhan Eiriond<sup>1</sup>;  
goirid do bhi an séd sochair  
gan í dh' ég ag Ultochaibh.
11. Níor fhás a hiondamhail sin  
d' fhuil Éiremhoin no Eimhir;  
do mhnáibh ar mhéd a bisigh  
créd dob áil da indisin.
12. Breith Ghrainde leis 'na lenabh<sup>2</sup>  
oirn do dhiomdha an duilemhan;  
blath dar ghar teacht 'na thoradh  
reacht nar an re aipthiughadh.
13. Moide do dhíoghbhail a dal<sup>3</sup>  
's iad impe as uaisle Alban,  
rioghraidh Oiligh cend a gcend  
's fíorbhun oinigh na hEirend.
14. Ben a hoirbherta 'na h-aois,  
mna na Fodla da bhéichmaois,  
ní shaoilim riamh go raibhe  
a n-aoineing d' fhiadh Ughaine.
15. Faríor ní thibhra thoradh  
siol riogh dob fherr ullmhughadh;  
gíodh ar deighshíl Duin<sup>4</sup> na nGall  
ní h-úir cheinil sa gcongband.
16. Ataid, o thesda Grainde,  
gan duil a ndíol tromdhaimhe;  
da mbeith mian oinigh orrtha,  
fian Oiligh fa enorchra.
17. A ndernadar a daoine  
re Dia dh' adhbhar egaoine,  
reacht lind go dtanaig astegh  
ar brághaid ghíll na nGaoidheal.

<sup>1</sup> Eirend MS.—<sup>2</sup> lenamh MS.—<sup>3</sup> dul MS.—<sup>4</sup> Dun MS.



18. Terc brondadh da mbi 'na láimh,  
riamh narbh urusa d' fagháil ;  
gemadh soimhellta siol gCuind,  
diobh as doibhenta an doghruing.
19. Re iomlan Chlair na gCuradh  
deacair dul on deonughadh ;  
re bel a tarbha do theacht  
a sén mar amhra ar n-imtheacht.
20. Easgar léonta Leithe Cuind  
inghen righ fhreimhe Conuill ;  
ni d'eineing do bhí an bhen soin,  
's i dh' Eirinn as uiresbhuidh.
21. Ar bas mhna oige eile  
thall a dtosach aimsire  
fuaras sgel mhineoghas me,  
frémh d' fhíreolas na h-eigse.
22. Samhail chosmhail—bhudh lor lind—  
di ni fhuaras a nEirind  
achd ben rér tsin gnaoi Ghrainde  
do bhaoi a dtir na Tesaille.
23. Iulia inghen tSésair  
fa ben sin go saoirbhesaibh,  
slat go bhfreimh mbrioghmhair mbaghaigh  
don rioghraidh reidh Romhanaigh.
24. Ar mhnaoi a ndeiredh an domhain  
ni chuala, ni chualobhair  
a h imdhenamh thiar no thoir  
an fhial fhindghleigheal fhosaidh.
25. Sa domhan thoir ni tharla  
ri rathmhar na rídhama  
nar lonadair sein da seirc,  
an ghein fhiorabaigh oirdheirc.

26. Tugadh le Poimp Mor Maighe  
cleamhnas—far chóir luathghaire—  
findbhen nar chaorphlanda cuir  
inghen tsaorchlanda tSesair.
27. Fir dhomhain o mhuir go muir  
an fedh do bhi 'na bethaidh  
siad re chéile do chongaibh,  
fa treidhe iad adamair.
28. Goirid d'aimsir da eis soin  
go h-eg inghine Césair  
teid uile a ndioth don domhan,  
crioch gach duine dealughadh.
29. Cend na bpopal Poimp Maighe,  
César triath na Tesáille;  
na treinfhir gan run ronda.  
tnúdh do eirigh etorra.
30. D'adhbharaibh cuirthe an chatha  
bas inghine an ardfhlatha;  
frith da dul fatha faghla  
cur an chatha cathardha.
31. Iulia, an oigbhen amhra,  
Grainde ben a baramhla;  
da madh ionand aois na mban  
ionand a ngaois 'sa ngniomhradh.
32. Mar thanaig dion an domhain  
don chedmhnaoi do chualobhair,  
tig cabhair a críche féin  
da h-aghaidh shíthe shoilléir.
33. Ionand d' easbaidh don tír thoir  
Iulia, inghen tShésair,  
an bhen-soin, ger bhraighe ghill,  
as Grainde d' esbaidh dh' Eirind.

34. Teid suil Eirend a nUltaibh  
se aniugh oirn da fhiondachtuin ;  
meisde dun<sup>1</sup> gurbh Ulltaibh ind,  
tnudh re hUlltaibh ag Eirind.
35. Tuigim, o thesda tusa,  
coimhed air nach urusa ;  
as leir duinn, os dun<sup>2</sup> do bhen,  
go reidh on tnuadh nach tigther.
36. Bit fesda reidh re roile  
clanda riogh Fhoid Ughoine ;  
triot do eirigh éd orra,  
do reidhigh th' eg etorra.
37. Ata a uagh-sa thall rém thaoibh  
do choimhéd damh ge diomhaoin ;  
don fhuil riogh uaimse ar th' ionchaibh  
siol as uaisle dh'Eironnchaibh.
38. Ga tigh 'nar togbhadh tusa  
meisde me méd m' eolusa ;  
duil doimhenma triom ag tocht  
do bhriogh t'oilemhna ar mbiamhore.
39. Nior dhénta duit, a dhuine,  
aidhbhse bhroin don bhanchuire ;  
doilghe ina sin doibh a dal<sup>3</sup>,  
dom dhoigh, ni libh an leanabh<sup>4</sup>.
40. Doni an cumha eroidhe tind ;  
oram fein as edh aithnim ;  
tig d' ulc do dhoimhenma duin  
lucht t' oilemhna nach iontnuidh.
41. Gloir bhreige cidh be aderadh  
nar chuis orchra éinleanabh<sup>5</sup>,  
tug do bhas a dheimhin dhamh  
na leinibh<sup>6</sup> gur chas cumhadh.

<sup>1</sup> duin MS. — <sup>2</sup> duind MS. — <sup>3</sup> dul MS. — <sup>4</sup> leanamh MS. — <sup>5</sup> leanamh MS. — <sup>6</sup> leinimh MS.

42. Ar bhas Grainde abhain bhraithim  
 tnudh na ndaoine as dofhaichill;  
 o tharla a ndan duinne a dol<sup>1</sup>  
 slan an tnuidhe 'nar dtiomcholl.
43. Ge tu ag coigill m● chaoine  
 fa chomhair na cedaoinne,  
 fuigheal der a Dun na nGall  
 ni bher ar gcúl da gcaomhnam.
44. Cuairt an bhaile a mbiodh Grainde  
 d' fhuil Chuind ni cuis luathghaire;  
 ni sgel ar Ath Senaigh soin;  
 deg hail do chach re chuartoibh.
45. Deich mbliadhna, gidh be heile,  
 ag sin a h-aois d'aireidhe;  
 sine ina a h-aois a h-orchra,  
 sine a gaois, a gniomhartha.
46. Mor n-adhbhar far fhuathuigh me  
 clann Daluigh a ndiaigh Grainde;  
 maithim fesda do chru Chuinn  
 o thesda cnu don chrobhuing.
47. Coill bhentar asa mbarruibh  
 cruind reidhe an Chlair Chonalluigh;  
 ni sgarthair ru acht a roighne  
 marthain rer geru Chonaille.
48. Tar gach én obair oile  
 da nderna Ri an riogthoighe  
 a dealbh so do bhi ar fheghain,  
 ni do damadh doidhenaimh.
49. Stuadh chnesgheal gan chuid radha  
 niorbh e trath a tesdala;  
 d' eis a sgagtha do bhi an bhen  
 dalta mar í nior h-oiledh.

<sup>1</sup> dul MS.

50. Med an orchra is aithnidh dhamh  
ge lugha i na a hadhbhar ;  
Ulltaigh na geríoch bhfadghlan bhfionn  
da ndioth nior fagbhadh fuigheall.

Fuighell formaid fuil Daluigh.

## INDEX OF FIRST LINES

	PAGES
Anois aithnighim m'uabhar . . . . .	82
Cethrar as feili fuair Flann . . . . .	1
Cia adeir nar melladh Maghnus . . . . .	57
Cia rer fuirghedh feis Teamhra . . . . .	96
Conall cuingidh Cloinne Neill . . . . .	6
Dimghach do Chonall Clann Dálaigh . . . . .	45
Dimghach Eiri d'fhuil Conuill . . . . .	50
Do-fhidir Dia Cinel Conuill . . . . .	22
Do shlan uaim a Áth Senuig . . . . .	10
Fada a-dertar na deich rig . . . . .	31
Faillsigh do mhirbhaili, a Mhuiri . . . . .	76
Fuigheall formaid fuil Daluigh . . . . .	103
Fulang annróidh adhbar soidh . . . . .	25
Imdha urruim ac Ultaib . . . . .	35
Lenfat mo chert ar Cloinn Dalaig . . . . .	40
Maruid fós ferta Coluim . . . . .	87
Minic frith Eri a hEamain . . . . .	63
Ní deora meisi a Manainn . . . . .	91
Olc chuimhnighim mo chumann . . . . .	78
Rogha na cloinne Conall . . . . .	16
Tainic tairngeri na n-erlumh . . . . .	68
Testá eochair ghlais Ghaidhel . . . . .	73